



An Roinn Oideachais
Department of Education

Nuachtlitir Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Fáilte chuig eagrán **mhí Mheán Fómhair 2025** agus **cothrom lae 20 bliain fhoilsiú** nuachtlitir na Roinne Oideachais agus Óige maidir leis an **Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)**. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis. Tá súil againn go mbaineann tú taitneamh as an eagrán seo, agus go bhfaigheann tú inspioráid, smaointí agus naisc agus acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat do ról a ghlacadh san fhorbairt inbhuanaithe.

Féadfaidh tú na heagraíin roimhe seo den nuachtlitir a léamh [anseo](#) agus [clárú](#) chun é a fháil go díreach chuig do bhosca isteach gach ráithe!

OFI i gContae Loch Gorman agus i gContae Chill Mhantáin – Ag Glaoch ar Gach Institiúid Oideachais!

An bhfreastalaíonn tú ar, an oibríonn tú do nó an gcomhoibríonn tú le heagraíocht nó institiúid oideachais i Loch Gorman agus Cill Mhantáin a bhfuil gníomhartha á ndéanamh acu ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe? Más amhlaidh, ba mhaith linn cloisteáil uait don chéad eagrán eile den Nuachtlitir OFI!

OFI i Scoileanna – inis do scéal

Sa scoilbhliain 2025/26 táimid dírithe ar **Ghníomhaíocht ar an Leibhéal Áitiúil don fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn**, mar sin, má chomhoibríonn do scoil le grúpa pobail áitiúil i ngníomhaíocht OFI agus más mian leat é sin a roinnt sa Nuachtlitir OFI, déan teagmháil linn trí ríomhphost a sheoladh chuig ESD@education.gov.ie. Gheobhaidh do scoil **Dearbhán One-For-All €500** ón Roinn Oideachais agus Óige má fhoilsímid do phíosa!

Clár Ábhar

1. OFI go 2030 – an t-Eolas is Déanaí	4
a. OFI go 2030 - Maoiniú do Scoileanna.....	4
b. OFI go 2030 Maoiniú d'Eagraíochtaí 2025	5
c. Maoiniú 2025 do Cheartas Aeráide na hÓige	5
d. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil.....	6
e. OFI go 2030 – an 2ú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn	6
f. Póstaer SFI agus Bileog Eolais do Scoileanna	7
2. Uasdátuithe Scoile	8
a. OFI ag SS Michael and Peter Junior School, An tInbhear Mór	8
b. OFI i gColáiste Pobail Bhaile Átha Luain	9
3. Comórtais	11
a. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí na Bealtaine - Buaiteoirí	11
b. Comórtas na Nuachtlitreach OFI do mhí Mheán Fómhair – SFI 14, Beatha Faoin Uisce	12
c. Comórtas Turais Scoile	12
d. Buaigh cóip den leabhar “Wild Teaching” do FCLÓ/Mhúinteoirí Bunscoile ...	14
e. Déanann mic léinn BTYSTE ionadaíocht d'Éirinn le Bród sa tSeapáin:	14
f. Buaiteoirí Ghradam na gComhshaoilaithe Óga 2025	16
g. BOO Luimnigh agus an Chláir – buaiteoirí chomórtas 'Make a Switch'	17
h. Picker Pals - Comórtas Scéalta - Buaiteoir 2025.....	19
4. Cláir agus Acmhainní.....	20
a. Ceiliúrann Scoileanna Glasa scoileanna a fuair duaiseanna agus féachann siad ar aghaidh go dtí an scoilbhliain nua	20
b. Imeacht ADIÉ ‘Déan Díospóireacht le do Chinnteoirí’	22
c. An Clár um Múiríniú do Scoileanna	24
d. Nuashonrú ar Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann	25
e. Clár Taiscéalaí an Dúlra	26
f. Acmhainní Nua um Am Oideachais Dhomhanda don tSraith Shóisearach ...	27
g. SEAI – Suíomh Gréasáin an chláir um Fhuinneamh san Oideachas	29
h. Gradaim um Ár nDomhan 2026.....	31
i. ECO-EOECNA – Gradaim na Comhshaoilaithe Óga 2026 agus Seachtain na hÉiceolaíochta	32

j. Cuireann Coimeádaithe na hOidhreacht gníomh dearfach agus bród áitiúil chun cinn ar fud na tíre!	35
5. Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí/ FGL.....	37
a. Sceideal NUA CPD na Rannóige foilsithe!	37
b. Nuashonrú Oide TPL/ CPD	37
c. Sceideal CPD ISSN/ ESCI - Meán Fómhair-Nollaig 2025	39
d. SEAI – bainistíocht fuinnimh i scoileanna – cúrsa saor in aisce	39
6. Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais	41
a. Deimhniúcháin Saotharlainne Inbhuanaitheachta.....	41
b. Nuacht agus Nuashonruithe ón HEA.....	41
c. Comhdháil Idirnáisiúnta Campas a Chuireann an tSláinte Chun Cinn 2025..	42
e. OT Bhaile Átha Cliath agus Fondúireacht Ghlas Éireann – Lá imeachtaí SFI na	44
f. Ollscoil na Gaillimhe – Suaitheantas Digiteach	44
7. Nuashonraithe Idirnáisiúnta.....	46
a. COP Múinteoirí 2025 – glao ar thionscadail.....	46
b. Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe	47
c. ECFE – Tuarascáil ar an Scanadh um Chomhleanúnachas Beartais d’Éirinn ..	47
8. Nuacht Eile.....	48
a. Trí Ghníomhaíocht Shimplí – SFI 14 – Beatha faoin Uisce.....	48
b. Seachtain SFI 2025	48
c. Glac Páirt sna Comhráite ar an Aeráid	49
d. Taighde OFI – Glao ar Mhúinteoirí Iar-bhunscoile.....	50
e. Staidéar maidir le Saol Scoile Páistí.....	51
f. Bealaí Sábháilte chun na Scoile – Tuarascáil Bhliantúil 2024	52
g. An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta -	53
h. . POS – Foilseacháin SFI Geohive	54

1. OFI go 2030 – an t-Eolas is Déanaí



a. OFI go 2030 - Maoiniú do Scoileanna

Tá an Roinn Oideachais agus Óige ag lorg iarratais anois ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta le haghaidh maoiniú OFI do thionscadail scoile le linn 2025/26 i réimse an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe.

Tabharfar tús áite do thionscadail OFI ina bhfuil gné de Ghníomhaíocht ar an Leibhéal Áitiúil agus/nó Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Tá tuilleadh critéar leagtha amach san fhoirm iarratais atá ar fáil ar leathanach gréasáin OFI go 2030 anseo: [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn](#)

Tá maoiniú suas le €2,500 in aghaidh na scoile ar fáil, agus is é €450,000 an ciste iomlán atá ar fáil. Is próiseas iomaíoch é seo agus braitheann sé ar líon na n-iarratas a gheofar, d'fhéadfadh sé nach n-éireoidh le gach tionscadal.

Is é am scoir **Dé hAoine an 17 Deireadh Fómhair 2025** an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí tionscadail. Ní ghlacfar le haon iarratais dhéanacha faoi aon imthosca.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

b. OFI go 2030 Maoiniú d'Eagraíochtaí 2025

Soláthraíodh maoiniú OFI go 2030 de €466,000 do 21 eagraíocht i mí an Mheithimh.

Soláthraíodh maoiniú idir €2,000 agus €25,000 i gcomhair tionscadal agus clár a dhíríonn ar Acmhainn Múinteoirí a Fhorbairt agus ar Ghníomhaíocht ar an Leibhéal Áitiúil don forbairt inbhuanaithe a Luathú.

I measc na dtionscadal tá tuilleadh forbartha ar acmhainní agus ábhair OFI agus soláthar foghlama gairmiúla do múinteoirí agus pobail chleachtais. Tá réimse leathan clár OFI ann, mar shampla, Clár Taiscéalaí an Dúlra, an clár 'Picker Pals', clár Choimeádaithe na hOidhreacht, an clár 'Farmer Time', clár 'Wise Water', an clár 'Wool in School' agus clár 'Grow it Yourself'. I measc tionscadal eile bhí an Cruinniú Mullaigh maidir leis an Aeráid agus an Dúlra, Rubbish Film Festival agus an Seó Bóthair um Rannpháirtíocht Shibhialta faoi stiúir scoláirí. Bhain a lán de na tionscadail le ceardlanna do scoláirí agus rannpháirtíocht scoláirí i gníomhaíocht áitiúil agus pobail.

Tá liosta iomlán de na deontaithe agus tionscadail 2025 ar fáil ar leathanach gréasáin OFI go 2030: [Maoiniú OFI go 2030](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. Maoiniú 2025 do Cheartas Aeráide na hÓige

D'fhógair an tAire Oideachais agus Óige, Helen McEntee TD, maoiniú dar luach €500,000 chor a bheith i gcomhair tionscadal maidir le ceartais aeráide faoi stiúir na hóige atá ar siúl ar fud na hÉireann in 2025.

Cuidíonn Ciste Cheartas Aeráide na hÓige le daoine óga idir 8 agus 25 bliain d'aois páirt a ghlacadh i dtionscadail lena ardaítear feasacht agus lena ndéantar beart maidir le saincheisteanna aeráide.

Áirítear ar thionscadail na bliana seo:

- Clár um oideachas ar hidrigin lena soláthraítear cur chuige cuimsitheach, praiticiúil maidir le foghlaim fuinnimh in-athnuaite do 100 duine óg.
- Clár lena gcuirtear oideachas ar dhaoine óga faoi chúiseanna agus iarmhairtí ganntanais uisce agus truailithe trí cheardlanna, rannpháirtíocht bhall, agus tionscadail lasmuigh.
- Sraith díospóireachtaí ar cheartas aeráide ina bhfuil cumainn ollscoile agus grúpaí faoi stiúir na hóige páirteach.
- Forbairt curaclaim nuálach, bunaithe ar chluichí atá deartha chun oideachas a thabhairt do dhaoine óga idir 13-25 bliana d'aois agus iad a spreagadh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, daoine óga a chumasú chun tionscadail áitiúla um oiriúnú don aeráid a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Áirítear leis an gclár oideachas ar an aeráid, imeachtaí pobail, feachtais feasachta agus gníomhaíochtaí praiticiúla comhshaoil.

Tá liosta iomlán de na tionscadail a bhfuarthas maoiniú ina leith ar fáil ar shuíomh gréasáin na roinne:: <https://www.gov.ie/en/department-of-education/press-releases/minister-mcentee-announces-498000-for-youth-climate-projects/>

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil

NUA: D'fhoilsigh an roinn léarscáil de Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta scoileanna. Seiceáil an bhfuil do scoil ar an léarscáil agus mura bhfuil, seol ríomhphost chugainn (ESD@education.gov.ie) leis an nasc le do Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta le cur san áireamh: [Beartas Inbhuanaitheachta Scoile](#)

Rinneadh roinnt nuashonruithe ar an bhFoireann Uirlisí Inbhuanaitheachta do scoileanna freisin. Féach ar an leagan cothrom le dáta ar leathanach gréasáin OFI go 2030.

e. OFI go 2030 – an 2ú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

Tá an 2ú tuarascáil ar dhul chun cinn ar ár bplean cur chun feidhme OFI go dtí 2030 foilsithe anois. Féach ar an tuarascáil lena fheiceáil cad atá ag tarlú ó mhí Iúil 2023 maidir le gach ceann dár réimsí tosaíochta: Beartas a Chur Chun Cinn, Timpeallachtaí Foghlama a hAthrú ó Bhonn, Forbairt Acmhainní Oideoirí, Daoine Óga a Chumasú agus a Ghríosú agus Gníomhaíocht ar an Leibhéal Áitiúil a Luathú. Cuimsítear sa tuarascáil cás-staidéir lena léirítear dea-chleachtas i gcúrsaí OFI trí gach leibhéal den chóras oideachais.

I mí Eanáir 2025, chuaigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Oideachais agus Óige, agus an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais i dteagmháil le comhlachtaí ábhartha a sainaitníodh mar 'Phríomhghníomhaithe i bplean cur chun feidhme OFI go 2030, ag lorg nuashonruithe ar dhul chun cinn i dtreo gníomhaíochtaí meántéarmacha agus leanúnacha don dara tuarascáil ar dhul chun cinn ina gclúdaítear an tréimhse ó Iúil 2023 go Nollaig 2024.

Thug 37 Roinn Rialtais, eagraíocht agus gníomhaireacht, agus 17 Institiúid Ardoideachais ar an iomlán nuashonruithe. Rinne oifigigh na roinne an fhaisnéis

cháilíochtúil sin a anailísiú agus a shintéisiú, agus chuir an grúpa stiúrtha náisiúnta comhairliúchán ar fáil.

Tá cás-staidéir le feiceáil tríd an tuarascáil ar fad, lena dtugtar chun suntais cleachtais éifeachtacha a bhaineann le OFI agus lena léirítear na cuir chuige fhlúirseacha, éagsúla agus nuálacha i leith OFI atá curtha chun feidhme ar leibhéil éagsúla den chóras oideachais ar fud na tíre.

Ba mhaith leis na rannóga comhordúcháin buíochas a ghabháil le baill na nGrúpaí Stiúrtha agus Comhairleacha OFI, chomh maith leo siúd sa phobal oideachais i gcoitinne, as a dtacaíocht leanúnach do OFI go dtí 2030 agus as an méid luachmhar a chuir siad leis an tuarascáil. Le chéile, táimid ag forbairt sochaí níos cothroime, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe tríd an oideachas.

Léigh an tuarascáil anseo: [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn](#) [Ar ais go barr an leathanaigh](#)

f. Póstaer SFI agus Bileog Eolais do Scoileanna

D'eisigh an roinn dhá chóip de phóstaer maidir leis na **17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** chuig gach scoil i mí Mheán Fómhair 2022, chomh maith le bileog eolais maidir le **Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030**, agus conas rochtain a fháil ar acmhainní do scoileanna.

Má tá cóipeanna sa bhreis den phóstaer nó an bileog eolais uait, seol ríomhphost chuig ESD@education.gov.ie.



[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

2. Uasdátuithe Scoile

Nóta an Eagarthóra: Míle buíochas leis na scoileanna uile a sheol nuashonruithe chugainn maidir lena gcuid ngníomhaíochtaí don OFI. Tá obair iontach ar bun ar fud na tíre; ar an drochuair ní féidir linn gach aighneacht a áireamh sa Nuachtlitir OFI, ach seo dhá shampla iontacha:

a. OFI ag SS Michael and Peter Junior School, An tInbhear Mór

“I mbliana, tá fócas speisialta glactha againne ag Michael and Peter Junior School, an tInbhear Mór maidir leis an mbithéagsúlacht. Táimid ag obair ar fhorbairt ár spásanna lasmuigh chun limistéir a thacaíonn le créatúir a áireamh. Mar chuid de sin, tá go leor tithe éan suiteáilte againn a bhfuaireamar an t-adhmad dóibh, a rinneamar agus a phéinteáladar muid féin. Chomh maith leis sin, bhaineamar athearraíocht as seanteach éan ina stáisiún beathaithe éan agus chuireamar dhá fholcadán éan iarainn theilgthe áille agus limistéir uisce leis.

D’athphéinteáladar ár bhfálta i ndathanna geala chun go n-oirfeadh siad dár suíocháin seomra ranga lasmuigh. A bhuí leis na plandaí nua agus ár bpolathollán álainn nua, is féidir linn ár bláthanna, plandaí, torthaí agus glasraí féin a fhás freisin. Táimid gnóthach ag tabhairt uisce dóibh agus ag tabhairt aire dóibh gach seachtain agus táimid ar bís na chéad síológa a fheiceáil ag tosú ag fás. Tá prátaí, cabáiste, leitís agus scailliún againn. Tá súil againn go meallfaidh na bláthanna ár gcara an bheach agus pailneoirí eile a bhfuilimid ag foghlaim fúthu.

Tá a lus na gréine féin ag gach dalta inár rang naíonán sinsearach a fásadh ó shíolta. Tá 2 óstán feithidí nua againn ina bhfuil go leor créatúr, rud a fuaireamar amach le linn ár seilge do bheithigh bheaga le déanaí inar úsáideadh ár ngloine formhéadúcháin nua, ár bpútairí agus ár líonta. Rinneamar teach ialtóg freisin chun aire a thabhairt don chréatúr oíche seo. Tá an t-ádh orainn go bhfuil úsáid againn as tailte fairsinge ár meánscoile áitiúla, Meánscoil Mhuire, lena gcosáin choillearnaí atá lán le flóra agus fána.

Ar deireadh, chuireamar roinnt trealamh súgartha inbhuanaithe leis d’fhonn dramhaíl phlaisteach agus bréagán indiúscartha a laghdú. Baintear taitneamh as na dreapadóirí agus na boird chluichí ag am sos gach lá. Mar scoil shóisearach, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn go bhfoghlaimíonn ár ndaltaí faoi na saincheistanna tábhachtacha sin ó aois óg, tá an oiread sin eolais acu cheana féin agus mar sin mairimid chun iad a theagasc ar bhealaí agus i dtéarmaí atá aois-oiriúnach. De dheasca a n-aoise is fearr a fhoghlaimíonn siad trí shúgradh agus trí thaithí phraiticiúil.

Tá an-tóir ar an bhfoghlaim lasmuigh i measc ár bpáistí go léir chomh maith, mar sin déanaimid iarracht dul amach a oiread agus is féidir. Bhí roinnt aoichainteoirí againn freisin chun eolas na bpáistí a threisiú, grúpaí pobail áitiúla a roinneann a saineolas agus a dtaithí linn san áireamh. Táimid thar a bheith buíoch as ár bhfoireann a thugann cuidiú sa réimse sin go háirithe ár gcúramóir nua Declan a bhfuil suim ar leith aige sa dúlra. Chomh maith leis sin, táim thar a bheith buíoch as aon chuidiú a fhaighimid ó ghrúpaí áitiúla agus ónár bpobal.



Nóta an Eagarthóra: Maith sibh go léir i Scoil Shóisearach SS Michael and Peters - treise libh! Tá dearbhán One4All €500 chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

b. OFI i gColáiste Pobail Bhaile Átha Luain

“Bhí bliain ghnóthach ag na scoláirí agus na múinteoirí i gColáiste Pobail Bhaile Átha Luain ag gabháil don inbhuanaitheacht agus á gcur chun cinn.” Bhí réimse leathan tionscadal i gceist, idir bheith ag cur do phailneoirí, ag déanamh tithe éan, agus mhearfhaisean

Ba shuntasáí an tionscadal a rinne roinnt scoláirí na hIdirbhliana chun feacht a ardú faoi dhumpáil mhídhleathach. Rinne siad gearrscannán faoi dhumpáil mhídhleathach san Iarmhí, a d'úsáid siad ansin chun dul isteach i gcomórtas Chomhairle Contae na hIarmhí maidir le dramhaíl agus freisin i gcomórtas idirnáisiúnta clúiteach na dTuairisceoirí Óga don Chomhshaol.

Thosaigh na scoláirí sin ag bailiú bruscair go rialta inár gceantar áitiúil, le grúpaí deonacha áitiúla agus leo féin freisin chun an bruscar sa cheantar a laghdú. Bhuaigh an scannán comórtas Chomhairle Contae na hIarmhí, agus bhuaigh siad gradam náisiúnta i gcomórtas na dTuairisceoirí Óga don Chomhshaol

freisin. Chiallaigh sé sin go raibh siad ar cheann den dhá scoil in Éirinn a cuireadh ar an ngearrliosta don ghradam comhshaoil idirnáisiúnta. Lena chois sin, fógraíodh Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain mar Scoil na Bliana maidir le Bruscar agus Dramhaíl um Shaoránacht Dhomhanda na Scoileanna Glasa. [Cuireadh scoláirí Cholaiste Pobail Átha Luain ar an ngearrliosta do ghradam idirnáisiúnta comhshaoil | Westmeath Independent](#)

Féach an
scannán anseo:



Shane Boyne (Oifigeach Comhshaoil, Comhairle Contae na hIarmhí), Scoláirí na hIdirbhliana agus an múinteoir Rebecca Dobson

Nóta an Eagarthóra: Comhghairdeas le gach duine i gColáiste Pobail Átha Luain - treise libh! Tá dearbhán One4All €500 chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

3. Comórtais

a. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí na Bealtaine - Buaiteoirí

Is í Aoife Gordon ó Choláiste Tyndall i gCeatharlach buaiteoir “**Great Irish Biodiversity Book**” le hEanna Ní Lamhna.

Is í Helen White ó Scoil Náisiúnta Lárnach Ráth Bhoth i nDún na nGall buaiteoir an **chomórtais SFI** in eagrán mhí na Bealtaine de Nuachtlitir OFI. Sa chomórtas, iarradh 5 ghníomhaíocht is féidir a dhéanamh chun do thionchar féin ar an athrú aeráide (SFI 13) a laghdú agus mhol Helen na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Siúil chun na scoile, téigh ar rothar, ar bhus, ar scútar chun na scoile nó comhroinn carr chun na scoile. Glacaimid páirt i Siúlóid gach Céadaoin i Scoil Náisiúnta Lárnach Ráth Bhoth. Buailimid le chéile ag carrchlós an mhargaí áitiúil agus siúlaimid suas leis an bhfoireann go dtí an scoil. Tá sé sin ag cuidiú leis an trácht a laghdú ag geata na scoile agus le hastaíochtaí carbóin a laghdú.
2. Ná húsáid a oireadh plaisteach - molaimid do gach duine buidéal uisce in-athúsáidte a úsáid ar scoil. Thosaíomar ag bailiú buidéil phlaisteacha agus cannaí mar chuid den scéim ‘Tabhair ar Ais’, agus tá sé sin ag bailiú airgid dár scoil freisin.
3. Fás níos mó bláthanna fiáine agus glasraí. Tá leitís, raidisí, spionáiste agus oinniúin curtha againn inár gceapacha glasraí ardaithe agus cheannaíomar teach gloine nua agus táimid ar bís chun é a úsáid, beidh gach rang ábalta a gcuid plandaí féin a fhás i rith na bliana.
4. Cas as soilse agus ríomhairí glúine i seomraí ranga le linn amanna sosa nuair nach bhfuil siad in úsáid. Is ‘monatóirí fuinnimh’ iad cuid de na páistí agus meabhraíonn siad do na ranganna ‘casadh as’ nuair is féidir leo chun ídiú fuinnimh sa scoil a laghdú.
5. Cuir níos mó crann - bhí feachtas Cuir Pláinéad ar siúl againn inár scoil i mbliana agus rinne teaghlaigh inár bpobal scoile 120 crann dúchasach agus 20 crann torthaí a cheannach agus a chur. Reáchtálar Quiz Emoji Nollag freisin agus bhailíomar €250 don charthanas Self-help Africa chun tacú lena gcur crann san Afraic.
6. Athchúrsáil Éadaí - Malartú Gheansaithe na Nollag i mí na Nollag, rud a spreag bealach spráíúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol do theaghlaigh chun geansaithe na Nollag a mhalartú in áit cinn nua a cheannach.
7. Malartú Éidí Scoile a eagrú inar féidir le tuismitheoirí agus páistí aon earraí éide scoile nach bhfuil de dhíth orthu a thuilleadh a thabhairt agus earraí atá de dhíth orthu a thabhairt leo, saor in aisce. Thionólar é sin ag tús Théarma 3.
8. Laghdaigh, Athúsáid agus Athchúrsáil - tá araidí athchúrsála againn i ngach seomra ranga - le haghaidh páipéir agus plaisteach chomh maith le haraidí múirín do chraicne torthaí. Déanaimid ceallraí, cártaí, cartúis dúigh agus stampaí a athchúrsáil chomh maith.

9. Athchúrsáil Éadaí - bíonn lá bliantúil athchúrsála éadaí againn do theaghlaigh scoile agus Dé hAoine seo caite an 16 Bealtaine thugamar os cionn 1 tona éadaí lena athchúrsáil agus muid ag bailiú airgid dár scoil lena chaitheamh ar ár ngairdín scoile/limistéar lasmuigh.

10. Rinne na páistí i Rang a 2 agus Rang a 3 taighde ar an Athrú Aeráide, léigh siad neart leabhair fíricí iontacha chun tionscadail a chríochnú ina ngrúpaí. Chruthaigh siad cuir i láthair PowerPoint freisin lena gcur i láthair ranganna eile sa scoil.

Nóta an Eagarthóra: Maith thú a Helen, tá roinnt smaointe iontacha ansin. Tá dearbhán €500 'one-for-all' ar a bhealach go Ráth Bhoth.

b. Comórtas na Nuachtlitreach OFI do mhí Mheán Fómhair – SFI 14, Beatha Faoin Uisce

Tá aigéin agus farraigí sláintiúla riachtanach dár mbeatha. Clúdaíonn siad 70 faoin gcéad dár bpláinéad agus braithimid orthu le haghaidh bia, fuinnimh agus uisce. Ach fós, d'éirigh linn damáiste ollmhór a dhéanamh do na hacmhainní luachmhara sin. Caithfidh iad a chosaint trí dheireadh a chur le truailliú agus ró-iascaireacht agus trí thosú láithreach bonn ar an mbeathra muirí ar fad ar fud an domhain a bhainistiú agus a chosaint ar bhealach freagrach.



Cén céatadán den ocsaigin atá an Domhan á tháirgeadh ag na haigéin de réir [Chlár Comhshaoil na Náisiún?](#)

a) 10% b) 30% c) 50% d) 90%

Seol ríomhphost le do fhreagra, d'ainm agus do scoil chuig esd@education.gov.ie roimh **Dé hAoine an 26 Meán Fómhair** le seans a bheith agat dearbhán €500 a bhuachan do thionscadail OFI i do scoil.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. Comórtas Turais Scoile



Faigh amach Todhchaí Níos Glaise: Turais Meánscoile ag Éiceabhaile Cloch Shiurdáin. Ag lorg turas scoile a bhfuil tionchar aige? Tabhair leat do dhaltai meánscoile go Cloch Shiurdáin Éiceabhaile agus féach ar mhaireachtaí inbhuanaithe i mbun gnímh! Cuireann ár dturais threoraithe eispéireas oideachasúil uathúil ar fáil, ag fiosrú réitigh dhomhanda ar dhúshláin chomhshaoil agus shóisialta.

Féach ar an Inbhuanaitheacht go Pearsanta:
Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar:

- Córais fuinnimh in-athnuaite ag cumhachtú pobail.
- Tithíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus tógáil inbhuanaithe.
- Táirgeadh bia orgánach ón bhfeirm go dtí an tábla.
- Cleachtais nuálaíocha bainistithe dramhaíola.
- Prionsabail na bithéagsúlachta agus na buantalmhaíochta.
- Cumhacht an chomhoibrithe phobail.

Ceangail le do Churaclam: Comhlánaíonn ár dturas ábhair mar Tíreolaíocht, Eolaíocht, OSPS, OSSP agus Eacnamaíocht, ag cothú smaointeoireacht chriticiúil agus obair foirne. Gheobhaidh mic léinn tuiscint phraiticiúil ar fhorbairt inbhuanaithe, ar eolaíocht imshaoil agus ar shaoránacht fhreagrach.

Spreag Ceannairí na Todhchaí: Tá sé mar aidhm ag cuairt ar Chloch Shiurdáin an chéad ghlúin eile a spreagadh trí mhúnla inláimhsithe do thodhchaí inbhuanaithe a léiriú. Forbróidh mic léinn tuiscint níos doimhne ar shaincheistanna comhshaoil, gheobhaidh siad mothú gníomhaireachta agus fiosróidh siad bealaí maireachtála eile.

Cuir do Chuairt Oideachais in áirithe: Tabhair lá spreagúil agus oideachasúil do do dhaltai. Déan teagmháil le Éiceabhaile Chloch Shiurdáin chun tuilleadh a fhoghlaim faoinár dturas meánscoile agus cuir do chuairt in áirithe inniu! Déan teagmháil le Veronica Ryan le haghaidh tuilleadh eolais agus áirithintí. Teil: 086 085 1576 Ríomhphost: education@thevillage.ie www.thevillage.ie

Buaigh turas ranga meánscoile go Sráidbhaile Éiceolaíoch Chloch Iordáin!

Ceist: De réir Fhéile na nÚll, Sráidbhaile Éiceolaíochta Chloch Iordáin - cá mhéad lítear sú a tháirgtear ó 10 gcileagram úll?

Seol do fhreagra mar aon le d'ainm, ainm na scoile, seoladh ríomhphoist agus rang chuig: ESD@education.gov.ie faoin **Aoine an 26 Meán Fómhair 2025** chun seans a bheith agat turas saor in aisce chuig Sráidbhaile Éiceolaíoch Chloch Iordáin a bhuachan do do rang meánscoile.


[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. Buaigh cóip den leabhar “Wild Teaching” do FCLÓ/Mhúinteoirí Bunscoile

Tá cúig chóip saor in aisce againn den leabhar “Wild Teaching” Cross-curriculum Lessons Outdoors for Agoraphobic Teachers le Paul O'Donnell, Príomhoide, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Sláine.

Tacaíonn an leabhar leis an bhfoghlaím agus an teagasc lasmuigh d'Oideoirí na Luathbhlianta agus do Mhúinteoirí Bunscoile.

Bí i measc cúigear a sheolfaidh ríomhphost chugainn díreach ag ESD@education.gov.ie agus cuirfimid cóip chugat, le caoinchead Paul i gcomhar le Comhairle Contae na Mí.



e. Déanann mic léinn BTYSTE ionadaíocht d'Éirinn le Bród sa tSeapáin:

Ó Thóiceo go Taispeántas 2025 Osaka agus Kyoto

Rinne toscaireacht ó Thaispeántas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT (BTYSTE) turas spreagúil le déanaí tríd an tSeapáin, inar chuir siad nuálaíocht, cruthaitheacht agus ceannaireacht óige na hÉireann ar taispeáint ar an stáitse domhanda.

Thosaigh an turas i dTóiceo, áit ar tháinig ocht mac léinn eisceachtúla—buaiteoirí i ngach ceann de na cúig chatagóir BTYSTE do 2025 le chéile, lena n-áirítear na buaiteoirí iomlána, agus a rinne ionadaíocht do cheithre scoil éagsúla—le haghaidh eispéireas fíorspeisialta. Ghlac Helena Madigan, múinteoir na foirne buaití ó Scoil na Toirbhirte i dTrá Lí, páirt sa ghrúpa freisin.

Ag Ireland House Tokyo, Ambasadóir nua iontach na hÉireann, bhuail na scoláirí leis an Ambasadóir Cole agus le foireann na hAmbasáide. Thug Niall, Aimee, Ashlee, Alois, Tomás, Saoirse, Laoise cuir i láthair go bródúil do mhic léinn ollscoile na Seapáine, inar thaispeáin siad a gcruthaíocht, a muinín agus a ndíograis don eolaíocht agus don teicneolaíocht.

Thaistil an grúpa ansin ar thraein luais go Osaka le haghaidh dhá lá spreagúla ag Expo 2025, agus ghlac siad páirt i bhfoireann na hÉireann at Expo a bhuí le tacaíocht fhlaithiúil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Éire.

Ag Pailliún na hÉireann, chuir na mic léinn a gcuid tionscadal i láthair agus rinne siad nasc le scoláirí scoile áitiúla, ag neartú na naisc idir Éirinn agus an tSeapáin trí idirphlé faoi stiúir na hóige. Rinne siad iniúchadh freisin ar phailliúin shamhlaíocha na Fraince, Cheanada, agus ar Phailliún aigeanta na Sceitheanna Róin, agus gach ceann acu ag cur dearcadh uathúil ar fáil maidir leis nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht.

Buaicphointí Expo 2025:

- 1.3 milliún+ cuairteoir sa chéad dhá sheachtain
- 10.4 milliún+ ticéad díolta óna sheoladh
- 188 pailliún, lena n-áirítear 152 pailliún tuaithe agus 8 pailliún aitheantais
- 158 náisiún agus réigiún rannpháirteacha

Ba nóiméad suntasach é an dara lá agus an lá deireanach ag an Expo. Chuir na mic léinn a gcuid tionscadal i láthair lucht féachana mór le rá, ina measc James Lawless, an tAire Stáit ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

“Buíochas mór le @IrelandatExpo as muid a óstáil agus as aird a tharraingt ar thallann iontach na ndaoine éirimiúla óga seo,” a dúirt Mari Cahalane, Ceann BTYSTE. “Táimid thar a bheith buíoch dár gcomhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Éire, a raibh an turas dochreidte seo indéanta mar gheall orthu.”

Chríochnaigh an turas in Kyoto, cathair ina bhfuil teampaill áille, gairdíní suaimhneacha, agus oidhreacht chultúrtha shaibhir. “Bhí Kyoto ina bhealach foirfe chun an turas a chríochnú—cathair inspioráideach a chuir tábhacht na staire, an chultúir agus an machnaimh i gcuimhne dúinn,” a dúirt Mari.



f. Buaiteoirí Ghradam na gComhshaolaithe Óga 2025

Bhí Searmanas Ghradam na gComhshaolaithe Óga ECO-EOECNA 2025 ar siúl ar an 8 Bealtaine in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath agus cuireadh 104 tionscadal ar an ngearrliosta i 11 chatagóir lena n-áirítear Bithfhuinneamh, Éicea-ealaín agus Éiceadhearthóireacht, Éicea-Shláinte agus Éiceafholláine agus Éiceafhiontraíocht. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí foriomlána:

Catagóir ar an Leibhéal Sóisearach: Cad is féidir le Baile Átha Luain a fhoghlaim? Tá Foireann Ghlas Ard na gCraith ar ais! ó S.N. Ard na gCraith i gContae na hIarmhí. Dhírigh an fhoireann ar caitheamh bruscair ar shiúl i mbaile Átha Luain agus bhuail siad le comhairleoirí áitiúla chun plé a dhéanamh ar cheantar ina mbíonn go leor bruscair á chaitheamh agus líon na n-araidí bruscair poiblí. Rinne siad taighde ar conas a bhainistíonn cathracha eile dramhaíl agus iad spreagtha ag an Scéim Tabhair ar Ais, dhear agus thóg siad araid bruscair fhréamhshamhla atá ábalta dramhaíl in-athchúrsáilte agus neamh-in-athchúrsáilte a aithint agus a dheighilt ag baint úsáid as braiteoir. Mhéadaigh suim na bhfoirne i saincheistean comhshaoil agus d'oibrigh siad le chéile chun an araid bhruscair a chruthú ag baint úsáid as scileanna innealtóireachta, cruthaitheachta agus réitigh fadhbanna. Chinntigh siad freisin gur éisteadh leo trí achainí, cuir i láthair agus teagmháil a dhéanamh leis an gcomhairle áitiúil, ag taispeáint go bhféadfaidís difear a dhéanamh.

Catagóir Shóisearach: Grúpa Gníomhaíochta Comhshaoil Óige Chill Droichid ó Choláiste Salesian i gCo. Chill Dara. Tá an grúpa áitiúil sin i gCill Droichid ag

déanamh go leor rudaí sa cheantar áitiúil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Sprioc amháin den sórt sin, agus an ceann a úsáideadh mar a dtionscadal, ná anailís a dhéanamh ar a ngnó áitiúil agus greamáin a thabhairt dá bhfuinneoga má tá siad neamhdhíobhálach don aeráid. Beidh tionchar mór aige sin ar lorg carbóin agus ar fheasacht an bhaile, rud a fhágfaidh go mbeidh gnólachtaí níos glaise agus custaiméirí á mealladh chucu seachas chucu siúd nach gcomhlíonann na critéir. Is féidir le gníomhaíochtaí áitiúla tionchar domhanda a imirt!

Catagóir Shinsearach: Tionscadal Bruscair Mara ó Choláiste an Earagail i gContae Dhún na nGall. Is feachtas spreagúil é Buidéil a Thabhairt ar Ais atá á stiúradh ag grúpa scoláirí ón Idirbhliain ó Choláiste an Earagail i Leitir Ceanainn, a bhfuil sé mar aidhm leis dul i ngleic le dramhaíl phlaisteach tríd an bpobal a spreagadh chun “é a thabhairt chuig na haraidí”. I measc na spriocanna bhí feachtas a mhúscailt faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 6, 11, 13 agus 14, plaistigh aon úsáide a laghdú, agus méadú 20% a dhéanamh ar úsáid buidéil in-athúsáidte sa scoil faoi dheireadh 2024/25. Chuir an fhoireann a dteachtaireacht chun cinn trí na meáin shóisialta, ailt i nuachtáin áitiúla, agus tionóil scoile. Chruthaigh siad amhrán agus físeán ceoil bunaidh “Buidéil a Thabhairt ar Ais” freisin ar tugadh os cionn 5,000 amharc air ar líne. Aithníodh an fhoireann mar Ambasadóirí Muirí na Scoileanna Glasa do 2024/25, agus bhí siad réidh lena bhfeachtas a roinnt go hidirnáisiúnta, sa Ghréig le linn turas Erasmus.



Comhghairdeas leis na buaiteoirí, na rannpháirtithe agus ECO-EOECNA ar fad as feachtas iontach YEA. Chun liosta iomlán de na buaiteoirí a fheiceáil, féach anseo:

[Ar](#)

[ais go barr an leathanaigh](#)

g. BOO Luimnigh agus an Chláir – buaiteoirí chomórtas ‘Make a Switch’

Bhuaigh mic léinn ó Choláiste Pobail Choláiste na Trócaire, Ráth Caola i Luimneach an chéad duais sa chéad chomórtas ‘Make a Switch’ riamh as a dtionscadal caomhnaithe uisce.

Tionscnamh de chuid BOO Luimnigh agus an Chláir is ea an comórtas, agus tá sé mar aidhm leis gníomhú ar son na haeráide faoi stiúir mic léinn a chur chun cinn ar fud an réigiúin. Bhí an comórtas oscailte do gach bliainghrúpa i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus dhírigh sé ar thionscadail chruthaitheacha phraiticiúla faoin téama Laghdaigh, Athúsáid agus Athchúrsáil, ag spreagadh scoláirí chun dul i ngleic le cur amú fuinnimh, bia agus uisce.

Ba iad Coláiste Íde agus Iósaef, Mainistir na Féile, a bhuaigh an dara háit sa chomórtas dá dtionscadal 'Closing the Loop agus Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, as a dtionscadal Acadamh Péisteanna.

Bhuaigh CC Choláiste na Trócaire dearbhán €1,000 d'lonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh agus €1,000 le haghaidh iarrachtaí inbhuanaitheachta sa scoil chomh maith le trófaí uathúil lámhdhéanta atá déanta as ábhair athchúrsáilte a rinne na healaíontóirí Simon Donnelly agus PJ Hehir, teagascóirí i gColáistí Breisoideachas agus Oiliúint BOOnna sa tSionainn agus i gCill Rois.

Fuair an bheirt acu a tháinig sa dara háit dearbháin dar luach €250 agus maoiniú inbhuanaitheachta.

Bhuaigh Scoil Náisiúnta Pobail Fheadamair an gradam don Taispeántas is Tarraingtí agus bhuaigh Scoil Speisialta Pobail Luimnigh an gradam don Chruthaitheacht Smaoineamh As an Nua.



Patrick Cagney, Ronan Cummins agus Aoife English ó Choláiste Pobail Choláiste na Trócaire ag fáil an trófaí a bhuaigh siad ó Phríomhfheidhmeannach BOOLC, Bernadette Cullen, agus Príomhoide na scoile, Michael Behan ina gcuideachta.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

h. Picker Pals - Comórtas Scéalta - Buaiteoir 2025



Comhghairdeas le Liam Priestley, 1ú rang in ETNS Chaisleán Cnucha, a bhuaigh an duais mhór fhoriomlán i gComórtas Scéalta 'Picker Pals' 2025, lena n-áirítear cuairt ranga ar stiúideo SKY TV i mBaile Átha Cliath agus costais iompair san áireamh.

Is féidir leat scéal buaiteach Liam "The Litter-Picking Pirates" a léamh anseo: [The Litter-Picking Pirates](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

4. Cláir agus Acmhainní

a. Ceiliúrann Scoileanna Glasa scoileanna a fuair duaiseanna agus féachann siad ar aghaidh go dtí an scoilbhliain nua



Chríochnaith clár Scoileanna Glasa An Taisce scoilbhliain rathúil eile i mí na Bealtaine, agus bronnadh Brat Glas ar 733 scoil ar fud na tíre as a gcuid oibre sna réimsí seo a leanas: Bruscar agus Dramhaíl, Bithéagsúlacht, Taisteal agus Uisce, i

Is clár fadtéarmach, uile-scoile, bunaithe ar ghníomhaíocht agus scéim duaiseanna é Scoileanna Glasa do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal araon. Feidhmíonn clár na Scoileanna Glasa i dtuairim agus 90% de scoileanna na hÉireann agus tá sé ag feidhmiú ar feadh 27 bliain anois. Laistigh de chlár na Scoileanna Glasa, oibríonn scoileanna trí dheich dtéama inbhuanaitheachta in ord comhleanúnach. Caitheann scoileanna dhá bhliain acadúla ag obair ar gach téama sula bhféadann siad iarratas a dhéanamh ar ghradam an Bhrait Ghlais don téama sin.

Sa bhliain acadúil 2024/25, tháinig téama an Fhuinnimh ar ais, a bhuí le comhpháirtíocht nua le [Eirgrid](#), a sholáthraíonn tacaíocht atá de dhíth go géar chun ceardlanna a sholáthar do scoileanna atá ag obair ar théama an Fhuinnimh, chomh maith le forbairt acmhainní don téama.

Roghnaíodh roinnt scoileanna mar ‘Scoil na Bliana’ freisin ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile araon as a gcuid oibre den scoth ar théamaí na Bithéagsúlachta, Muirí SD, Uisce, Taistil agus Saoránachta Domhanda.

Ba mhaith leis na Scoileanna Glasa comhghairdeas a dhéanamh leis na scoileanna uile ar bronnadh duaiseanna orthu as a ndúthracht don chlár agus as an obair ar fad a dhéantar chun a mbrait a bhaint amach.

Ag féachaint ar aghaidh go scoilbhliain 2025/26, tá féilire na Scoileanna Glasa lán d’imeachtaí, comórtais agus tionscnaimh i ngach ceann de dheich dtéama an chlár, atá dírithe ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna. Is í an tSeachtain ‘Siúil ar Scoil’ an chéad imeacht mór den bhliain, a bheidh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, agus beidh go leor imeachtaí eile ar siúl ina dhiaidh sin, amhail [Seachtain na Mara](#), Féile an Fhuinnimh, imeachtaí Siúil don Uisce, Seachtain na Bithéagsúlachta agus go leor eile. Is féidir na himeachtaí go léir a fheiceáil ar [leathanach féilire](#) shuíomh gréasáin na Scoileanna Glasa.

Ba mhaith leis na Scoileanna Glasa tuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh le scoláirí ag an meánleibhéal trí shraith clár agus tionscadal ambasadóirí a chur ar fáil do scoláirí meánscoile. Áirítear leo sin an Clár Ambasadóirí Uisce, [#andshecycles](#), 'Let's Fix Fashion', Tuairisceoirí Óga don Chomhshaol, agus an [Clár Ambasadóirí don Aeráid](#). Anuraidh, cuireadh [TLDR: Global Goals Bookless Club](#) leis, rud a spreagann scoláirí plé leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ag baint úsáid as a meán ealaíne roghnaithe d'fhocal scríofa, péintéireacht, dealbhóireacht, ceol, scannánaíocht, damhsa, grianghrafadóireacht nó ilmheáin.

Leis an gClár Ambasadóirí Uisce, tugtar an t-eolas agus na scileanna do scoláirí meánscoile chun gníomhaíochtaí a dhíríonn ar uisce a threorú ina scoileanna agus ina bpobail. Faigh tuilleadh eolais faoin gclár Ambasadóir Uisce agus cláraigh [anseo](#).

Is tionscnamh de chuid na Scoileanna Glasa é 'Let's Fix Fashion' lena gcumasaítear scoláirí meánscoile chun plé go criticiúil le saincheisteanna an mhearfhaisin agus na hinbhuanaitheachta. Tá sé oscailte do gach meánscoil, agus is féidir le scoláirí a bheith ag súil le oibriú le chéile ar réitigh phraiticiúla, eispéiris a roinnt maidir le hathúsáid teicstíil, uaschúrsáil, agus nuálaíocht chiorclach lena gcomhcheanglaítear oideachas, cruthaitheacht agus gníomhaíocht sa saol mar atá chun dúshlán a thabhairt do thionscal an mhearfhaisin. Tá sonraí faoin bhfeachtas i mbliana le fáil ag ['Let's Fix Fashion' | Glac Páirt | Scoileanna Glasa](#).

Le clár na dTuairisceoirí Óga don Chomhshaol (YRE), tugtar cuireadh do dhaoine óga idir 11 agus 25 bliain d'aois tuairisciú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil trí ailt, grianghraif, cláir faisnéise ghairid, podchraoltaí agus TikTok. Cuidíonn an clár YRE le scoláirí tuiscint níos doimhne a fháil ar shaincheisteanna criticiúla agus bealaí a aimsiú chun tionchar a imirt ar athrú áitiúil i gcomhar leis an bpobal. Díríonn téama na bliana seo ar Shlándáil Bia agus ar an Athrú Aeráide. [Cláraigh](#) anois chun rochtain a fháil ar réimse seimineáir ghréasáin lóin bunaithe ar scileanna agus tacaíochtaí chun páirt a ghlacadh i gcomórtas na bliana seo. Beidh an chéad seimineár gréasáin ar siúl le linn sheachtain an Ghníomhaithe ar son na hAeráide ó 1-2pm an 16 Deireadh Fómhair.

Go n-éireoidh go geal lenár Scoileanna Glasa go léir an bhliain scoile seo chugainn. Táimid ag tnúth le bheith ag obair libh agus inspioráid a fháil arís.



Roinnt buaicphointí maidir leis na Scoileanna Glasa ó 2024/25.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

b. Imeacht ADIÉ ‘Déan Díospóireacht le do Chinnteoirí’



Is imeacht é Déan Díospóireacht le do Chinnteoirí (DYDM) a reáchtálann Oifigeach Inbhuanaitheachta Aontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn (ADIÉ), agus beidh sé ar siúl i mí Feabhra 2026.

Deis uathúil is ea an t-imeacht DYDM do scoláirí dara leibhéal dul i mbun oibre lena lucht déanta beartas (Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhairleoirí Áitiúla) agus a dtuairimí a thabhairt i gcúrsaí a bhaineann go díreach leo.

Tá an t-imeacht bunaithe ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), 17 sprioc atá leagtha amach ag na Náisiúin Aontaithe chun dul i ngleic le saincheistanna comhshaoil, sóisialta agus domhanda. Seo a leanas roinnt samplaí de na spriocanna: SFI13 Gníomhú ar son na hAeráide, SFI6 Comhionannas Inscne agus SFI1 Díothú na bochtaineachta. Iarrtar ar scoláirí smaointe a bhailiú maidir le bacainní ar spriocanna áirithe e.g. is bacainn í an Mearfhaisean ar SFI12 maidir le Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach.

Ansin iarrtar ar scoláirí réitigh a thabhairt e.g. cuóta táirgeachta ar chuideachtaí mearfhaisin mar réiteach ar an mbacainn thuas. Beidh na réitigh sin mar éilimh an

scoláire. Ag deireadh an lae cuirfidh na scoláirí a n-éilimh i láthair na gcinnteoirí agus glacfaidh siad páirt i ndíospóireacht chairdiúil lena gcinnteoirí maidir le rúin amhail “Ba chóir an aois vótála a íslú go 16”.

Cuidíonn an t-imeacht sin le scoláirí le go n-éistfear leo, le scileanna amhail stocaireacht a ghnóthú agus a chleachtadh agus naisc a dhéanamh le lucht déanta beartas agus le daoine óga eile ó gach áit ar fud na tíre. Beidh tuilleadh eolais faoin imeacht agus an fhoirm chlárúcháin ar fáil ar ár suíomh gréasáin issu.ie nó ar ár meáin shóisialta @ISSU4u níos gaire don am.

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le sustainability@issu.ie.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. An Clár um Múiríniú do Scoileanna



Tá an Clár um Múiríniú agus Athchúrsáil do Scoileanna Oscailte Anois!

An bhfuil tú tuirseach de bheith ag caitheamh do chuid airgid ar shiúl??? Ina 4ú bliain, cuidíonn an clár um Múiríniú agus Athchúrsáil do Scoileanna, a bhuaigh duaiseanna, le scoileanna lena ndramhaíl a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe chun airgead a shábháil agus chun cuidiú leo a 1ú Bhrat Glas i mBruscar agus Dramhaíl a thuilleamh. Go dtí seo, chuidigh an clár le breis agus 350 scoil ar fud 13 limistéar údaráis áitiúil in Éirinn. I mbliana, beidh 3 údarás áitiúla eile ag glacadh páirt sa chlár.

Tá na céimeanna seo a leanas sa chlár:

- Páirt a ghlacadh i 5 cheardlann ar líne 1.25 uair an chloig (seisiúin mall tráthnóna nó tráthnóna ar fáil) chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna maidir le cosc agus laghdú dramhaíola, athchúrsáil, múiríniú ar an láthair ar ghearrthacha gairdín agus tírdhreacha, bailiú dramhaíola bia sna haraidí donna, garraíodóireacht agus bithéagsúlacht.
- Cuairt ar an láthair a óstáil chun roghanna agus deiseanna maidir le bainistíocht dramhaíola níos fearr a phlé.
- Plean gníomhaíochta saincheaptha a chruthú do do scoil chun roinnt feabhsuithe ar an dóigh a mbainistíonn tú dramhaíl a shainaithint.
- Dearbhan €150-300 a fháil lena chaitheamh ar araidí dramhaíola athchúrsála, coimeádáin dramhaíola bia, córais mhúirínithe, uirlisí agus soláthairtí a thacaíonn le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta na scoile.
- An dara cuairt ar an láthair a óstáil chun córais nua athchúrsála nó múirínithe na scoile a shuiteáil agus páirt a ghlacadh in aon oiliúint do bhaill foirne na scoile nó ceardlanna leis na scoláirí.
- Gníomhaíochtaí foghlama spráíúla agus idirghníomhacha a thabhairt isteach i do sheomra ranga do na scoláirí chun foghlaim faoi phrionsabail bhunúsacha na héiceolaíochta, na bitheolaíochta agus na bithéagsúlachta lena gcuirtear bhonn faoin mbeatha uile ar ár bpláinéad.
- Páirt a ghlacadh in ardán idirghníomhach le hoideoirí eile chun tacú le do chuid iarrachtaí agus rochtain a fháil ar acmhainní an chláir.
- Suirbhé a dhéanamh ag deireadh na bliana scoile chun do chuid gnóthachtálacha a dhoiciméadú agus chun cuidiú linn an clár a fheabhsú do scoileanna eile.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár, tabhair cuairt ar <https://compostingireland.ie/schools/> . Anseo gheobhaidh tú amach faoi chuspóirí an chláir, na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh ann, agus conas do scoil a chlárú don deis uathúil seo. Léireofar leis na naisc suirbhé ag bun an leathanaigh cé

na húdaráis áitiúla atá rannpháirteach i mbliana. Tá iarratais le fáil faoin Aoine 19 Meán Fómhair 2025.



An Clár um Múiríniú agus Athchúrsáil do Scoileanna

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. Nuashonrú ar Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann



Tá Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann (ISSN) an-ghnóthach ag ullmhú don scoilbhliain 2025/26 agus ag forbairt acmhainní agus tacaíocht nua do mhúinteoirí agus do scoláirí.

Beidh an tsraith FGL bithéagsúlachta an-ghairid a bhfuil an-tóir uirthi á hathsheoladh i mbliana agus tá áthas orainn go mbeidh Bithéagsúlacht i Scoileanna agus Scoileanna Glasa inár gcuideachta chun na seisiúin sheachtainiúla 15 nóiméad a chur ar fáil.

Beidh Cruinniú Mullaigh na hAeráide agus an Dúlra ar ais le ceachtanna ar líne níos nuashonraithe do bhunscoileanna agus meánscoileanna chomh maith leis an sceideal bliantúil FGL do mhúinteoirí.

Beidh tacaíocht ionscoile á cur ar fáil ag ISSN i mbliana freisin chun ár gCúrsa Tionchaire Comhshaoil 10 seachtaine agus an Clár Forbartha Ceannaireachta bunathraitheach a reáchtáil.

Más mian le scoileanna leas a bhaint as ceachtar ceann de na deiseanna sin, déan teagmháil le codie@issn.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun clárú le haghaidh nuachtlitir ISSN, téigh chuig www.issn.ie

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

e. Clár Taiscéalaí an Dúlra

Le Clár Taiscéalaí an Dúlra do Scoileanna, cothaítear foghlaim ghníomhach trí shúgradh, fiosrú, cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna. Agus é spreagtha ag éiteas na Scoile Foraoise, tacaíonn sé le páistí agus a múinteoirí dáimh a bheith acu leis an dúlra, scileanna tábhachtacha a fháil, agus aire a thabhairt don domhan nádúrtha.

Glacann ranganna páirt i seisiúin ghníomhacha lasmuigh ar thalamh a scoile nó in aice leis, rud a fhorbraíonn naisc láidre leis an mbithéagsúlacht áitiúil, agus foghlaimíonn siad faoi smaointe casta amhail idirspleáchas trí ghníomhaíochtaí tarraingteacha a spreagann a gcuid fiosrachta agus cruthaitheachta.

Cuireann an clár le muinín agus le cumas múinteoirí freisin, a fhorbraíonn scileanna agus inniúlachtaí i bhfoghlaim bunaithe ar an dúlra trína rannpháirtíocht i seisiúin sheachtainiúla trínar féidir leo taithí phraiticiúil ar an láthair oibre a fháil. Tacaítear le múinteoirí rannpháirteacha agus a gcomhghleacaithe freisin trí sheisiúin FGL a dheartar chun cuidiú le baill foirne foghlaim atá bunaithe ar an dúlra a leabú ina scoileanna agus ina gcleachtas múinteoireachta.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta Domhanda daoine a spreagadh le bheith ina 'ndéantóirí athraithe' comhshaoil. "Cuirimid eolas agus scileanna ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail chun réitigh a fhorbairt ar ghéarchéimeanna comhshaoil agus aeráide."

Faigh tuilleadh eolas faoin gclár anseo: [Taiscéalaí an Dúlra i Scoileanna - Clár Oideachais Allamuigh - Plean Gníomhaíochta Domhanda](#)



[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

f. Acmhainní Nua um Am Oideachais Dhomhanda don tSraith Shóisearach



Tá trí Aonad Teagaisc agus Foghlama ar an **Athrú Aeráide, ar an Imirce, agus ar Neamhionannas Idirnáisiúnta** ar fáil anois lena n-íoslódáil saor in aisce ón tionscadal um Am Oideachais Dhomhanda (GET). Tá na haonaid sin ag teacht le torthaí foghlama **OSSP, Stair agus Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí**, agus tá siad ábhartha d'ábhair eile e.g. **Staidéar Gnó, Eacnamaíocht Bhaile agus Oideachas Eitice**. Tá acmhainneacht ann freisin lena n-úsáid i modúil na **hIdirbhliana**. Reáchtáladh na haonaid ar bhonn píolótach i 10 scoil ar fud na tíre. Beidh bileoga oibre agus faisnéis bhunúsach ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin go luath. *(naisc agus cóid QR thíos)*

[TLU ar an Athrú Aeráidi Idirnáisiúnta](#)

[TLU ar Imirce](#)

[TLU ar Neamhionannas](#)



Gníomh na hÓige

“Tugaimid cuireadh anois do scoileanna eile na hacmhainní a úsáid agus gníomhú mar fhreagairt ar a bhfoghlaím.” Molaimid do scoileanna an gníomh sin a dhéanamh i gcomhar le comhpháirtithe eile amhail [Scéim Pas Domhanda Scoileanna](#) [Domhanda WorldWise](#) agus [Gradaim Chomhshaolaithe Óga ECO-EOECNA](#)

Tá sé beartaithe againn seimineár a reáchtáil i mí Dheireadh Fómhair do mhúinteoirí iar-bhunscoile chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le gníomhú na hóige. Fuaireamar ionchur ó oibrithe óige chun comhairle a thabhairt maidir le gníomh éifeachtach a dhéanamh sa seomra ranga ar féidir é a ailíniú leis an gcuraclam. Tá sé sin oscailte do mhúinteoirí seanbhunaithe agus do mhúinteoirí nua araon maidir le gníomhú ar son OFI”.

Taighde Nua

I dtuarascáil le Valerie Lewis, arna coimisiúnú ag GET Ireland, déantar iniúchad ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le cur chun feidhme OFI agus GCE laistigh den chóras oideachais. Tugtar chun suntais inti príomhfhorbairtí beartais, amhail an straitéis OFI go 2030 agus an Straitéis Oideachais Saoránachta Domhanda, agus scrúdaítear inti a gcur i bhfeidhm praiticiúil. Sa tuarascáil, atá bunaithe ar léargas ó oideoirí agus ó pháirtithe leasmhara, sainaitnítear deiseanna le haghaidh comhoibriú méadaithe, ach tugtar chun suntais inti freisin dúshlán amhail acmhainní teoranta agus ailíniú beartas. Soláthraítear inti forléargas ar an dóigh a bhfuil Éire ag obair chun fhoghlaimoír a ullmhú leis na scileanna a theastaíonn uathu chun páirt a ghlacadh go heiticiúil i ndomhan domhandaithe. Cuirfear an tuarascáil seo i láthair ag comhdháil sa Bhulgáir i mí Dheireadh Fómhair mar aon le taighde comhchosúil ónár gcomhpháirtithe tionscadail ar fud an Aontais.

Léigh an tuarascáil anseo: [Deiseanna agus Dúshlán GCE](#)



Déan Teagmháil le:

Is féidir teacht ar ár suíomh Gréasáin idirnáisiúnta [anseo](#) agus an leathanach Éireannach [anseo](#). Cuirfear nuashonruithe ar ár n-ardáin meán sóisialta ag [Facebook](#), [Instagram](#) agus [LinkedIn](#).

Chun tuilleadh eolais a fháil: déan teagmháil le get@apa.ie

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

g. SEAI – Suíomh Gréasáin an chláir um Fhuinneamh san Oideachas



Tá suíomh gréasáin an chláir um Fhuinneamh san Oideachas, arna fhorbairt ag SEAI agus an Roinn Oideachais agus Óige, nuashonraithe anois.

Tá faisnéis agus treoir ar an suíomh gréasáin maidir le bealaí chun fuinneamh a shábháil, mar aon le bileoga eolais agus leideanna maidir le bainistíocht fuinnimh. Tá sonraí faoi na cúrsaí oiliúna is déanaí ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin ag www.energyineducation.ie

energyin education

About Energy in Education Ways to save Energy management training

Energy in Education

Climate change is undoubtedly the greatest single challenge of the current generation. The school sector in Ireland has its own dedicated 'School Sector Climate Action Mandate' that best reflects the opportunities and constraints in schools. The Energy in Education programme offers energy saving support and guidance to schools countrywide.

[Learn more >](#)





Meeting school sector energy targets

By 2030, the overall school sector must reduce energy related greenhouse gas emissions by 51% and improve energy efficiency by 50%. The [School Sector Technical Climate Action Roadmap](#), provides an overview of the school sector requirements and roadmap to 2030 and 2050. It includes the strategic vision and outlines the high level initial trajectory for school sector delivery of its energy efficiency and greenhouse gas reduction targets.

[Download the roadmap >](#)

h. Gradaim um Ár nDomhan 2026



Gradaim um Ár nDomhan 2026 – Spreag Saoránaigh Óga Dhomhanda i do Sheomra Ranga!

Ar mhaith leat **Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe** a iniúchadh le do rang agus scileanna tábhachtacha á bhforbairt agat agus naisc leis an gcuraclam á gclúdach agat? Tá na Gradaim um Ár nDomhan ina ndeis fhoirfe! Trí **Chúnamh Éireann**, clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, is féidir le scoláirí foghlaim conas atáimid ag obair ar fud an domhain chun ár dtimpeallacht a chosaint, combhionannas a chur chun cinn, agus a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ag cur ar do chumas aghaidh a thabhairt ar na **Príomhinniúlachtaí** a bhaineann le bheith i do **Shaoránach Gníomhach**; Bheith i do **Fhoghlaimeoir Gníomhach**; Bheith **Folláin**; Beith **Cruthaitheach**

Cad chuige a Ghlacfa Páirt ann? Is bealach iontach é sin chun daoine óga a spreagadh chun dul i mbun foghlaim ghníomhach, chruthaitheach — agus tic á cur le boscaí i gcuraclaim OSI, OSIE, Teangacha, na nEalaíon agus na Folláine. Faigh rochtain ar **acmhainní teagaisc**, gníomhaíochtaí agus ábhair atá réidh don seomra ranga saor in aisce ag www.ourworldawards.ie

Lena chois sin, is féidir le daltaí páirt a ghlacadh i [gCeardlanna saor in aisce](#) ó **Ionad Chúnamh Éireann** ar an láthair nó ar líne chun foghlaim faoi obair Chúnamh Éireann i dtimpeallacht spráúil mhealltach.

Trí thionscadal de do chuid foghlama a chur isteach, beidh deis agat páirt a ghlacadh sna Cluichí Ceannais Náisiúnta i mí an Mheithimh 2026, sult a bhaint as lá ceiliúrtha spráúil, agus duaiseanna iontacha a bhuachan, lena n-áirítear turas ranga bunaithe ar ETIM! Mar sin [CLÁRAIGH](#) anois le haghaidh d'Irisí Daltaí SAOR IN AISCE agus lig do do thuras tosú!



Daltaí ó gach cearn den tír ag baint taitnimh as Craobhchomórtas Náisiúnta na nGradam um Ár nDomhan 2025.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

i. ECO-EOECNA – Gradaim na Comhshaolaithe Óga 2026 agus Seachtain na hÉiceolaíochta



Glac páirt i nGradaim na gComhshaolaithe Óga 2026!

Agus é ar an bhfód ar feadh 27 bliain anois, is clár saor in aisce uile-oileáin é Duaiseanna Chomhshaolaithe Óga ECO-EOECNA lena gcumasaítear daoine óga idir 10 agus 18 mbliana d'aois chun saincheisteanna comhshaoil a bhfuil spéis acu iontu a theorú, idir ghníomhú ar son na haeráide agus chailliúint bithéagsúlachta agus laghdú dramhaíola agus folláine.

Tríd an gclár, faigheann daoine óga deis tionscadail gníomhaíochta comhshaoil a chruthú i gcatagóirí lena n-áirítear Bithéagsúlacht, Dramhaíl, Uisce agus Éiceashláinte agus Éiceafholláine, ag gnóthú scileanna i dtaighde, i smaointeoireacht chriticiúil agus i gceannaireacht. Faigheann múinteoirí, ceannairí óige agus oideoirí tacaíocht, acmhainní agus meantóireacht saor in aisce ón bhfoireann YEA. Cuireann na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais a gcuid oibre i láthair ag imeachtaí taispeántais náisiúnta, rud a sholáthraíonn ardán tábhachtach do ghuthanna óga sa ghníomhú ar son na haeráide.

“Fanfaidh an t-eipéireas sin leo ar feadh i bhfad. “Rachaidh na scileanna agus an muinín a fuair siad chun tairbhe dóibh i bhfad i ndiaidh na scoile.” – Meantóir Rannpháirteach

Faigh tuilleadh eolais nó cláraigh ag yea.ie nó déan teagmháil le yea@ecounesco.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus deiseanna atá le teacht.

Beidh Seachtain na hÉiceolaíochta ar ais do Sheachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Dé Luan an 22 go dtí Dé hAoine an 26 Meán Fómhair seo chugainn lena soláthrófar sraith saor in aisce de sheisiúin idirghníomhacha inbhuanaitheachta ar líne. Tá Seachtain na hÉiceolaíochta deartha chun daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht inbhuanaitheachta agus aeráide, agus cuirtear dhá rian saincheaptha ar fáil — ceann amháin do pháistí 8-12 bhliain d'aois agus ceann eile do pháistí 13-18 mbliana d'aois — rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach do réimse leathan seomraí ranga agus suíomhanna óige. Is deis iontach í Seachtain na hÉiceolaíochta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a thabhairt isteach sa teagasc agus san obair don óige.

In 2024, shroich Seachtain na hÉiceolaíochta 3,946 duine óg ó 205 scoil, seirbhís óige agus eagraíocht phobail.

Cláraigh trí [Eventbrite ECO-EOECNA](#) agus lean muid le coinneáil cothrom le chun [dáta lenár gceardlanna saor in aisce, seisiúin oiliúna agus imeachtaí ar líne le linn na bliana.](#)



Clubanna ECO-EOECNA – Bí i do Cheannaire Club nó Bí i do Bhall!

Tugann Clubanna ECO-EOECNA daoine óga le chéile ina bpobail áitiúla chun foghlaim faoin gcomhshaol, gníomhú ar shaincheistanna a bhfuil a bhfuil spéis acu iontu agus fiordhifriocht a dhéanamh. Tá na clubanna ar oscailte do ghrúpaí ar fud na tíre, agus roghnaíonn gach club a thionscnaimh chomhshaoil féin idir bhithéagsúlacht agus ghníomhú ar son na haeráide agus laghdú dramhaíola le treoir agus acmhainní ó fhoireann ECO-EOECNA. Cé acu a thagann daoine le chéile gach seachtain nó gach mí, cruthaíonn na clubanna spás do dhaoine óga chun scileanna a fhorbairt, smaointe a roinnt agus gníomh praiticiúil a dhéanamh don phláinéad. Táimid ag earcú ceannairí club (18+ bliain d'aois) agus baill club araon. Gheobhaidh ceannairí uirlisí saor in aisce, oiliúint, rochtain ar imeachtaí agus ar dheiseanna líonraithe, chomh maith leis an deis obair a gclub a thaispeáint trínár gcainéil meán sóisialta. **Faigh tuilleadh eolais [anseo](https://anseo.ie) nó déan teagmháil le info@ecounesco.ie** chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá an Clár Cheartas Aeráide na hÓige Ag Lorg Rannpháirtithe

Tionscnamh saor in aisce 12 sheachtain i ndiaidh am scoile is ea **Clár Cheartas Aeráide na hÓige** do dhaoine óga idir 14 agus 21 bliain d'aois ar mian leo dul i mbun foghlama agus cruthaithe don cheartas aeráide agus gníomhú ina leith. Thar thrí mhí, glacann rannpháirtithe páirt iontu seo a leanas:

- **Ceardlanna tráthnóna seachtainiúla** (Meán Fómhair–Deireadh Fómhair) le foireann ECO-EOECNA
- **Oiliúint scileanna** ó aoishaineolaithe (Deireadh Fómhair–Samhain)
- **Imeachtaí faoi stiúir na hóige** agus deiseanna líonraithe (Meán Fómhair–Samhain)
- **Meantóireacht agus tacaíocht** chun do thionscnamh gníomhaithe ar son na haeráide féin a chur i gcrích (Deireadh Fómhair–Nollaig)
- **Cuireadh chuig Gala Domhanda ECO-EOECNA** chun do chuid oibre a thaispeáint agus bualadh le piaraí, lucht déanta beartas agus ceannairí inbhuanaitheachta (Nollaig)

Tugann gach cohórt de Chlár Cheartas Aeráide na hÓige grúpa daoine óga cruthaitheacha agus gníomh-dhírithe ar fud na tíre atá paiseanta faoin gceartas aeráide le chéile! D'fhorbair rannpháirtithe san am atá thart scileanna ó

scannánaíocht go podchraoladh, agus chruthaigh siad tionscadail tionchair amhail meirgí, greannáin dhigiteacha agus ealaín phoiblí.

Faigh tuilleadh eolais nó cuir do spéis in iúl trínár [suíomh gréasáin](#), nó déan teagmháil le info@ecounesco.ie.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

- j. Cuireann Coimeádaithe na hOidhreacht gníomh dearfach agus bród áitiúil chun cinn ar fud na tíre!



HERITAGE KEEPERS
ROUND 5

APPLICATIONS ARE OPEN

Free workshops and a grant to support local heritage action and fieldtrip for primary schools nationwide

Visit heritagekeepers.ie for more info!

Applications will close in September 30th

APPLY NOW

heritagekeepers.ie

ESD Education for Sustainable Development

burrenbeo trust connecting people and place

Sunflower Charitable Foundation

The poster features a green background with white text. It includes a circular inset showing a group of children in school uniforms exploring a stone ruin in a field. Another circular inset shows a person looking at a map on a screen. A stylized hand icon with various symbols on its fingers is also present.

Is clár saor in aisce é Coimeádaithe na hOidhreacht do dhaltai Rang 5 agus Rang 6 a thacaíonn le hoidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus áitiúil a phlé, agus tar éis sin, tugtar maoiniú dóibh chun tabhairt faoi ghníomh nó faoi thionscadal chun an oidhreacht sin a cheiliúradh agus a fheabhsú a thuilleadh. Cuireann lontaobhas Burren Beo an clár seo ar fáil ar líne agus go dtí seo, d'oibrigh sé le breis agus 200 scoil agus grúpa pobail ar fud na

hÉireann. Táthar ag glacadh le hiarratais don bhabhta seo anois agus is é an 30 Meán Fómhair 2025 an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais.

Déan iarratas anois ar ár suíomh gréasáin: www.heritagekeepers.ie. Tá Coimeádaithe na hOidhreachta páirtmhaoinithe ag The Sunflower Charitable Foundation trí Fhondúireacht Pobail Éireann agus ag an Roinn Oideachais agus Óige trí mhaoiniú OFI go 2030.

“Bhaineamar an-taitneamh as a bheith páirteach sa chlár seo agus spreag sé na leanaí a bheith bródúil as a gceantar agus chothaigh sé muintearas. Bhí na seisiúin Zoom an-mhaith ar fad, go háirithe na gníomhaíochtaí dúshlánacha agus galánta agus bhaineamar taitneamh as an ngné rannpháirtíochta leis na scoileanna eile.” Múinteoir, Scoil Bhríde Cailíní, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath; Clár Coimeádaithe Oidhreachta 2025.

5. Foghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí/ FGL

a. Sceideal NUA CPD na Rannóige foilsithe!

Nuashonraigh an rannóg an liosta de dheiseanna TPL/FGL do mhúinteoirí don scoilbhliain nua.

Faigh an liosta ar leathanach gréasáin OFI go 2030 anseo: [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn](#)

b. Nuashonrú Oide TPL/ CPD



Bunscoileanna – NUA! Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Le linn na bliana acadúla atá le teacht, tacóidh foireann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI) Oide go gníomhach maidir leis an gCreat Curaclaim Bunscoile a thabhairt isteach. Tá an creat sin mar bhonn haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeán ar fud cúig réimse leathana curaclaim. Tá Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ar cheann de na réimsí leathana curaclaim agus beidh an fhoireann páirteach i boríomhtheachtaireachtaí an chreata a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin, tá an fhoireann ag ullmhú do sheoladh foirmiúil churaclam OSI sa bhliain acadúil 2025/2026. Tá gnéithe geografacha agus stairiúla sa dréacht-churaclam, agus cuimsítear ann foghlaim faoi reiligiúin, creireamh agus dearchthaí domhanda freisin. Ina chroílár, tá sé mar aidhm leis páistí a chumasú chun breathnú orthu féin mar shaoránaigh ghníomhacha, atá eolach faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda.

Mar chuid den tacaíocht leanúnach don fhoghlaim ghairmiúil, d'óstáil foireann OSI seimineár gréasáin dar teideal *"Let's Talk About History and Geography – A Dialogic Approach"* i mí na Bealtaine 2025. Dhírigh an seisiún ar an dóigh is féidir teagasc na Staire agus na Tíreolaíochta a threisiú le hidirphlé. Tarraingíodh aird sa seimineár gréasáin ar an dóigh a bhféadfaí tuiscint chultúrtha a neartú trí chomhrá. Leagadh béim ann ar úsáid spreagthaí éagsúla chun plé fiúntach a spreagadh sa seomra ranga.

Sna míonna amach romhainn, cuirfear ábhar tacaíochta do chuid den oideolaíocht amhail 'scéal' ar fáil ar phríomhshuíomh gréasáin Oide www.oide.ie agus roinnfear é tríd an gcuntas X OSI Oide (@Oide_SEE).

Iar-bhunscoileanna – NUA! Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe (CASD)

Tabharfar réimse eispéiris foghlama gairmiúla (PLEanna) a sholáthróidh foireann CASD Oide do mhúinteoirí i scoileanna a roghnaigh an t-ábhar nua Ardteistiméireachta, Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, isteach ó Mheán Fómhair 2025.

Beidh eispéiris iomadúla foghlama gairmiúla duine le duine ar fáil ina mbeidh fócas ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag gabháil do churaclam CASD agus á léiriú. Beidh athbhreithniú i gceist leis sin ar an tsraith tacaíochtaí agus ar an bpríomhcheacht ó PLanna roimhe seo agus múinteoirí ag tosú anois ag gabháil do churaclam CASD agus á léiriú le scoláirí na cúigiú bliana. Beidh iniúchadh ar conas cultúr taighde agus imscrúdaithe a fhorbairt i seomra ranga CASD ina ghné thábhachtach den fhoghlaim ghairmiúil i mbliana, rud a chuirfidh scileanna taighde luachmhara ar fáil do na scoláirí, a thacóidh le foghlaim neamhspleách agus a spreagfaidh cur i bhfeidhm eolais i gcásanna sa saol mar atá ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.

Mar aon le PLEanna lae iomadúla duine le duine, leanfaidh an comhoibriú ar líne a bunaíodh anuraidh ag tacú le plé gairmiúil faoi stiúir múinteoirí a bhaineann le cuir chuige éifeachtacha i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i seomra ranga CASD. Soláthrófar an comhoibriú sin mar aon le roinnt seimineáir ghréasáin a éascófar le linn na bliana chun tacú le múinteoirí CASD sa chéad bhliain a bheidh an t-ábhar nua luachmhar agus spreagúil seo á theagasc acu.

Cuirfear ábhair thacaíochta don foghlaim ghairmiúil ar fad ar fáil ar shuíomh gréasáin Oide., www.oide.e



Nóta an Eagarthóra: Ádh mór leis na 42 iar-bhunscoil a bhfuil an t-ábhar nua Ardteistiméireachta “Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe” á

thabhairt isteach acu ó mhí Mheán Fómhair. Táimid ag tnúth le cloisteáil conas atá ag éirí libh i Nuachtlitreacha OFI amach anseo.

c. Sceideal CPD ISSN/ ESCI - Meán Fómhair-Nollaig 2025



Tá áthas ar Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann (ISSN) clár iomlán Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) a fhógairt do 2025-2026 i gcomhpháirtíocht le ESCI. Tá an ISSN tiomanta do sceideal CPD a chruthú a thagann le riachtanais mhúinteoirí agus scoláirí agus a fhreagraíonn dóibh.

Beidh Seisiúin Bhithéagsúlachta Ghairid ar an Luan agus seisiúin FGL do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna araon mar chuid de chlár na bliana seo. Clúdaítear ann réimse leathan topaicí idir Shaoránacht Dhomhanda agus Ghairmeacha Glasa agus Scoileanna atá Fabhrach do Phailneoirí agus molaimid dá oiread múinteoirí agus is féidir páirt a ghlacadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gClár féach ar Sceideal na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí [anseo](#).

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. SEAI – bainistíocht fuinnimh i scoileanna – cúrsa saor in aisce



An bhfuil spéis agat costais fuinnimh do scoile a laghdú?

Cláraigh inniu le haghaidh cúrsa oiliúna saor in aisce lena fháil amach conas airgead a shábháil trí úsáid fuinnimh do scoile a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Treoraítear rannpháirtithe an chúrsa céim ar chéim tríd an bpróiseas bainistíochta fuinnimh ó bhíllí agus úsáid fuinnimh sa scoil a thuiscint go dtí plean coigilte fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tugtar rochtain do rannpháirtithe ar raon acmhainní, uirlisí ar líne, sainchomhairle agus deiseanna chun líonrú agus eolas agus taithí a roinnt le scoileanna eile.

Cuir cúrsa in áirithe anois!

Reáchtálfar na cúrsaí ar líne agus beidh trí sheisiún 2 uair an chloig ann - 10rn go 12in. Is féidir leis an scoil ionadaí ar bith a ainmniú le bheith i láthair m.sh. comhalta foirne nó den Bhord Bainistíochta.

Cúrsa 1	Dé Máirt 23/09/25	Dé Máirt 07/10/25	Dé Máirt 21/10/25	Chun clárú le haghaidh Cúrsa 1 <u>cliceáil anseo</u>
Cúrsa 2	Déardaoin 25/09/25	Thu 09/10/25	Thu 23/10/25	Chun clárú le haghaidh Cúrsa 2 <u>cliceáil anseo</u>
Cúrsa 3	Dé Céadaoin 15/10/25	Dé Céadaoin 05/11/25	Dé Céadaoin 19/11/25	Chun clárú le haghaidh Cúrsa 3 <u>cliceáil anseo</u>

Arna sholáthar faoin gclár Fuinneamh san Oideachas arna fhorbairt ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Óige

Má tá ceist ar bith agat, déan teagmháil le energyineducation@seai.ie

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

6. Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais

a. Deimhniúcháin Saotharlainne Inbhuanaitheachta

Tá Éire chun tosaigh ar thaighde inbhuanaithe, agus tá 72 saotharlann Éireannach deimhnithe go hoifigiúil anois as a dtiomantas do chleachtais níos glaise.

Ar an 16 Iúil 2025, d'fhógair an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, James Lawless TD, 72 deimhniúcháin saotharlainne inbhuanaithe do spásanna taighde in 12 institiúid ardoideachais ar fud na hÉireann, faoi chlár faoi stiúir Taighde Éireann.

Agus na deimhniúcháin á bhfógairt aige, labhair an tAire Lawless faoin dóigh ar cheart do thaighdeoirí díriú ní hamháin ar iniúchadh agus ar fhionnachtain, ach freisin ar an tionchar atá ag an taighde ar ár bpobail agus ar ár bpláinéad. Cinntítear leis an gcur chuige sin 'nach dtagann ár fóir ar eolas ar chostas neamh-inbhuanaithe don domhan mórthimpeall orainn'.

Seoladh Clár Deimhniúcháin Saotharlainne Inbhuanaithe Thaighde Éireann ar bhonn píolótach, i gcomhpháirtíocht le Impact Laboratories agus My Green Lab, d'fhoilligh cleachtais taighde inbhuanaithe den scoth a thabhairt isteach i saotharlanna taighde na hÉireann. Ba é Taighde Éireann an chéad chomhlacht náisiúnta um maoiniú taighde ar domhan chun bheith ar thús cadhnaíochta maidir le próiseas deimhniúcháin in inbhuanaitheacht saotharlainne, ag tabhairt cuiridh do thaighdeoirí atá maoinithe ag Taighde Éireann páirt a ghlacadh.

Rinneadh measúnú neamhspleách ar an gClár Píolótach agus baineadh torthaí dearfacha amach, agus soláthraíodh leis líon suntasach bearta inghníomhaithe do Thaighde Éireann, do rannpháirtithe sa treoirthionscadal, agus do sholáthraithe deimhniúcháin lena gcur ar aghaidh. Soláthraítear leis an tuarascáil freisin acmhainní dóibh siúd a bhfuil a dturas le taighde inbhuanaithe á thosú acu. Is féidir an measúnú ar an gclár píolótach a fháil [anseo](#).

b. Nuacht agus Nuashonruithe ón HEA



Beidh Sraith Spotsolais OFI de chuid an Údaráis um Ardoideachas (HEA) ar ais Dé hAoine an 26 Meán Fómhair agus ina mbeidh Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ag roinnt cuid dá gcleachtas OFI. Go dtí seo, bhí 14 institiúid páirteach sa tsraith

Spotsolais agus tá na taifeadtaí go léir ar fáil ag <https://hub.teachingandlearning.ie/esd-spotlight-series/esd-spotlight-recordings/>.

Tá glao oscailte ar chás-staidéir OFI go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Is féidir leat do chás-staidéar a chur isteach ag baint úsáid as an teimpléad atá curtha ar fáil ag <https://hub.teachingandlearning.ie/esd-spotlight-series/esd-case-studies/>.

Tá glao oscailte ar Acmhainní Oideachais Oscailte (OERanna) go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Is féidir leat do OERanna a chur isteach ag an nasc seo a leanas, <https://hub.teachingandlearning.ie/esd-spotlight-series/esd-oer/>.

Cuirfear Cúrsa Oscailte Fhóram Náisiúnta an Údaráis um Ardoideachas ‘Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a Leabú sa Churaclam ar Fad’ ar fáil go náisiúnta arís i mí Dheireadh Fómhair. Tá Clárú ar fáil ag <https://opencourses.ie/opencourse/embedding-the-sdgs-across-the-curriculum/>.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi aon cheann de na nithe thuas, déan teagmháil le mkelly@hea.ie.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. Comhdháil Idirnáisiúnta Campas a Chuireann an tSláinte Chun Cinn 2025

[Bhí Comhdháil Idirnáisiúnta na gCampas a Chuireann an tSláinte Chun Cinn](#) ar siúl in Ollscoil Luimnigh, i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh ar an 16ú - 19ú Meitheamh 2025. Sa chomhdháil ceithre lá sin, tháinig mic léinn, taighdeoirí, lucht déanta beartas, agus ceannairí institiúidí ardoideachais (HEI) ó shé mhór-roinn le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar théamaí atá ag teacht chun cinn maidir le hollscoileanna inbhuanaithe, cothromaíocha agus a chuireann an tsláinte chun cinn. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí ionadaithe ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), ó EOECA agus ón Aontas Idirnáisiúnta um Chur Chun Cinn Sláinte agus Oideachas (IUHPE).

Cuirfear *Creat Gníomhaíochta Luimnigh* i láthair páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ceannairí ollscoile ag searmanas deiridh na comhdhála, agus cuirfear treoir ar fáil leis don todhchaí chun bonn eolais a chur faoin mbunathrú institiúideach sna deich mbliana atá romhainn. Léirítear leis an gcreat na hathruithe réaltachta a bheidh roimh champais in 2025 agus tá eolas ann faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ríthábhachtacha sa réimse seo, amhail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá sé beartaithe leis tacú le h-institiúidí ardoideachais agus cuir chuige chuimsitheacha, láidre á bhforbairt acu chun clár oibre na gcampas sláintiúil a leabú agus a chur chun cinn.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcomhdháil agus faoin seoladh oifigiúil *Chreat Gníomhaíochta Luimnigh*, tabhair cuairt ar <https://www.2025ihpc.com/>

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. Seoladh Oifigiúil Chlár Springboard+ 2025



I mí na Bealtaine 2025, sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, James Lawless, an **clár Springboard+ 2025 go hoifigiúil** lenar fógraíodh beagnach 8,000 áit fóirdheonaithe saor in aisce ar chúrsaí ardoideachais. Cuireann an tionscnamh na mílte deis ar fáil do dhaoine ar fud na hÉireann chun scileanna a athsciliú nó a uasoiliúint, agus béim láidir ar ghairmeacha beatha a ‘sheasfaidh an todhchaí’ i margadh poist atá ag athrú go mear. Agus clár na bliana seo á fhógairt aige, dúirt an tAire Lawless: “Tá cúrsaí Springboard+ deartha go sonrach chun freastal ar riachtanais scileanna reatha agus amach anseo i dtionscail ar fud na hÉireann – ag uasoiliúint scileanna rannpháirtithe i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus i réimsí ina bhfuil gá le scileanna.” I mbliana, tá cúrsaí ar fáil i réimsí amhail Pleanáil Bonneagair; Tógáil Inbhuanaithe; Fuinneamh In-athnuaithe; Scileanna Digiteacha, Cibearshlándáil agus Intleacht Shaorga.”

In 2025, bhí 7,719 áit ar fáil ar 249 cúrsa arna soláthar ag 37 institiúid ardoideachais ar fud na tíre. As an 249 cúrsa sin, bhí 26 ceann acu ina ‘micrea-dhintiúir’ dóibh siúd ar spéis leo cúrsaí níos gairide chun scileanna a fheabhsú i réimsí an-sonrach.

Tá cúrsaí Springboard+ ag Leibhéal 6 (Teastas) go Leibhéal 9 (Máistreacht) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus soláthraíonn soláthraithe ardoideachais poiblí agus príobháideacha ar fud na tíre iad.

Tá na hiarratais oscailte faoi láthair agus beidh na cúrsaí ag tosú idir an 1 Iúil agus an 31 Deireadh Fómhair.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár Springboard+ agus conas iarratas a dhéanamh, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Springboard+ <https://springboardcourses.ie/>

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

e. OT Bhaile Átha Cliath agus Fondúireacht Ghlas Éireann – Lá imeachtaí SFlinna



Inbhuanaitheacht Anseo Díreach

Tá ríméad ar OT Bhaile Átha Cliath agus ar Fhondúireacht Ghlas Éireann comhpháirtíocht a dhéanamh le **Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath** chun lá d'imeachtaí téamacha na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a óstáil *Dé Céadaoin an 5 Samhain 2025* (10.00 am go 18.00 pm).

Ós rud é gurb í an inbhuanaitheacht ceann de na saincheistanna is práinní dár linne, tugtar cuireadh do bhaill foirne, do scoláirí agus don phobal bheith linn do lá a bheidh lán le himeachtaí spreagúla, inspioráideacha a thugann ábhar machnaimh duit ar champas Ghráinseach Ghormáin, Ollscoil Stáit Bhaile Átha Cliath.

Agus údair ina scrúdaítear ina gcuid scríbhneoireachta téamaí forbartha inbhuanaithe lena mbaineann doimhneacht, soiléireacht agus léargas inghníomhaithe, clúdófar gach rud idir thalmhaíocht i ré an athraithe aeráide agus saol saibhir an fhiadhúlra uirbí, agus luach an athdhúlraithe, agus an dóigh nach féidir le cur faoi chois daoine a fhágáil gan cheistiú. Beidh an t-údar Lucy Taylor agus a leabhar nua *The Illustrated Encyclopaedia of the Irish Seashore* ag am imeacht scoile.

Sonraí iomlána agus eolas áirithe ag dublinbookfestival.com

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

f. Ollscoil na Gaillimhe – Suaitheantas Digiteach



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY



Suaitheantas Digiteach Sheaimpín na hInbhuanaitheachta

'Mic Léinn a Chumhachtú chun Inbhuanaitheacht in Ollscoil na Gaillimhe a Threorú'

Tá Ollscoil na Gaillimhe ag cumasú mac léinn chun bheith ina ndéantóirí athraithe trína [Suaitheantas Digiteach Seaimpín Inbhuanaitheachta](#) nuálach, tionscnamh comhchuraclaim lena n-aithnítear ceannaireacht mac léinn i gcur chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe ar an gcampas agus níos faide i gcéin.

Seoladh an suaitheantas sa bhliain acadúil 2024-2025, agus tá sé ina chuid de [Phas Scileanna na hOllscoile](#) agus bronnar é ar mhic léinn a bhíonn gníomhach san inbhuanaitheacht trí abhcóideacht, oideachas piaraí agus gníomhaíocht phraiticiúil. Déanann mic léinn meascán d'oiliúint inbhuanaitheachta, tionscnaimh phraiticiúla, agus foghlaim machnamhach. I measc na gconairí tá páirt a ghlacadh i gComhpháirtíocht shuaitheanta Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile ([CUSP](#)) na hOllscoile, páirt a ghlacadh i bhFoireann Aeráide Aontas na Mac Léinn, feachtais feasachta a threorú in ionaid chónaithe mac léinn, nó [Gradam Ceannaireachta Inbhuanaitheachta](#) a fháil.

I mí na Bealtaine 2025, fuair naonúr mac léinn an suaitheantas as an méid a chuir siad idir laghdú dramhaíola agus chaomhnú fuinnimh agus athbhunú na bithéagsúlachta agus abhcóideacht bia inbhuanaithe. Léiríodh lena gcuid tionscadal an dóigh a bhféadfadh gníomhaíocht phobail na mac léinn straitéisí inbhuanaitheachta institiúideacha a chur chun cinn agus aistriú pearsanta agus comhchoiteann á gcothú.

“Ní gradam amháin atá sa suaitheantas, is aitheantas é ar cheannaireacht agus ar thionchar,” a dúirt an Dr Richard Manton, an Stiúrthóir Inbhuanaitheachta. “Tá na mic léinn sin ag múnú todhchaí níos cothroime agus níos inbhuanaithe cheana féin.”

Déanann na faighteoirí cur síos ar an eispéireas mar a bheith “cumhachtach,” “bunathraitheach,” agus “meabhrúchán ar an bhfreagracht as ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.” Do dhaoine áirithe, thug sé an deis oibriú taobh le taobh leis an bhfoireann ar bhealach fiúntach, neamhchur i gcéill; do dhaoine eile, tháinig an mothú go raibh rud éigin curtha i gcrích ó thorthaí inbhraite amhail laghdú 11 tona a dhéanamh ar dhramhaíl in aghaidh na bliana.

Trí na mic léinn a ullmhú leis an eolas, leis na scileanna agus leis an muinín chun gníomhú, an inbhuanaitheacht á leabú ag Ollscoil na Gaillimhe i gcreatlach a misin oideachais, ag cothú an chéad ghlúine eile de cheannairí OFI atá réidh chun athrú a chur chun cinn ina bpobail agus ina n-ionaid oibre.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

7. Nuashonraithe Idirnáisiúnta

a. COP Múinteoirí 2025 – glao ar thionscadail



An múinteoir, príomhoide nó oifigeach oideachais thú atá ag obair ar oideachas faoin athrú aeráide? An bhfuil tionscadal curtha ar bun agat i do scoil nó i do sheomra ranga?

Más tá, tá cuireadh á thabhairt ag an Oifig um Oideachas Aeráide duit chun do thionscnamh a chur isteach agus an deis a fháil é a chur i láthair ag COP30 le linn imeacht idirnáisiúnta TeachersCOP.

Ó chruthaigh an Oifig um Oideachas Aeráide é ag COP26, tá TeachersCOP ina ardán domhanda anois chun aird a tharraingt ar ról riachtanach múinteoirí i ngníomhú ar son na haeráide. In 2024, ghlac níos mó ná 1,500 rannpháirtí ó gach cearn den domhan páirt ann.

Conas a Ghlacfaidh mé páirt ann?

Tá an Oifig um Athrú Aeráide ag lorg tionscadal atá curtha chun feidhme cheana féin ina ndírítear ar oiriúnú don athrú aeráide (tionchair an athraithe aeráide a laghdú) nó maolú ar an athrú aeráide (astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú). Ba chóir go dtiocfadh do thionscadal faoi cheann de cheithre cholún um Chomhpháirtíocht an Oideachais Ghlasaithe: Scoileanna a Ghlasú, an Churaclam a Ghlasú; Oiliúint Múinteoirí a Ghlasú; Pobail a Ghlasú.

Cuir isteach do thionscadal roimh an 21 Meán Fómhair ag 11.59 pm (am Pháras)

Trí dhul isteach in TeachersCOP:

- Ceanglóidh tú le líonra domhanda spreagúil d'oideoirí aeráide
- D'fhéadfaí do thionscadal a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhúinteoirí ag COP30.
- Beidh tú i do chuid de ghluaiseacht atá ag fás maidir le hoideachas ardchaighdeán ar an athrú aeráide
- Agus... gheofar deontas beag i gcomhair tionscadail bhuaiteacha chun a dtionscadal a mhéadú.

Léigh an glao iomlán ar thionscadail agus ar na coinníollacha rannpháirtíochta anseo: [COPMhúinteoirí | An Oifig um Oideachas Aeráide](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

b. Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe

D'fhreastail an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Darragh O'Brien agus toscaireacht ó D.CEE ar an gCuid Aireachta d'Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe (HLPF) i mí Iúil 2025.

Dé Luain an 20 Iúil, thug an tAire O'Brien an Ráiteas Náisiúnta inar athdhearbhaigh sé tiomantas na hÉireann don fhorbairt inbhuanaithe, don iltaobhachas agus do na Náisiúin Aontaithe. [Ráiteas Náisiúnta ón Aire Darragh O'Brien ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe](#)

Is féidir leat an seisiún oscailte iomlán agus óráid an Aire (1'47") a fheiceáil ar Theilifís Gréasáin na Náisiún Aontaithe: [An Chuid Aireachta den Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil 2025 | Cuid Ardleibhéil na Comhairle Eacnamaíche agus Sóisialta, an 33ú cruinniú | Teilifís Gréasáin na Náisiún Aontaithe](#)

Is féidir leat an Preasráiteas agus an Ráiteas Náisiúnta a léamh ar gov.ie - [Leagann an tAire Ó Briain tiomantas na hÉireann don fhorbairt inbhuanaithe amach ag imeacht domhanda de chuid na Náisiún Aontaithe](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. ECFE – Tuarascáil ar an Scanadh um Chomhleanúnachas Beartais d'Éirinn

I mí Iúil freisin, ag an am céanna le HLPF na Náisiún Aontaithe, d'fhoilsigh an ECFE an **Scanadh um Chomhleanúnachas Beartais d'Éirinn**, mar chuid de Thionscadal PCSD an ECFE a bhfuil Éire páirteach ann. Scrúdaítear sa Tuarascáil iarrachtaí na hÉireann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí chomhleanúnachas beartais feabhsaithe maidir le forbairt inbhuanaithe (PCSD), lena sainaithnítear láidreachtaí, laigí agus bealaí féideartha chun cinn.

Tugtar OFI go 2030 chun suntais sa tuarascáil mar shampla de chultúr láidir na hÉireann maidir le páirtithe leasmhara a mhealladh chun déanamh beartas cuimsitheach a chothú, agus a cur chuige rannpháirtíochta earnála, rud a sholáthraíonn creat chun tacú le cuidiú na hearnála oideachais le todhchaí níos inbhuanaithe ar leibhéal an duine aonair, an phobail, ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá an Tuarascáil ar fáil ag: [Tuarascáil ECFE ar an Scanadh um Chomhleanúnachas Beartais na hÉireann: Sásraí institiúideacha na hÉireann maidir le comhleanúnachas beartais le haghaidh forbartha inbhuanaithe a chur i láthair | ECFE](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

8. Nuacht Eile

a. Trí Ghníomhaíocht Shimplí – SFI 14 – Beatha faoin Uisce



- Ná húsáid an miasniteoir agus an meaisín níochnaí ach nuair a bhíonn siad lán amháin
- Cloígh le dlíthe a bhaineann le ró-iascaireacht
- Níos lú táirgí plaisteacha a dhéanann dochar do bheatha an aigéin go minic

b. Seachtain SFI 2025

Beidh 4ú seachtain Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) na hÉireann ar siúl i mbliana ón 19 go dtí an 28 Meán Fómhair.

Tá seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) ina cuid de sheachtain Eorpach níos leithne SFI a bheidh ar siúl ón 18 Meán Fómhair go dtí an 8 Deireadh Fómhair i mbliana. Bhí 4,000 imeacht ar siúl anuraidh i 39 tír agus beagnach bhí 200 imeacht ar siúl ar fud na hÉireann.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi sheachtain SFI na hÉireann agus faoi smaointe maidir le páirt a ghlacadh, téigh chuig: gov.ie/sdgs

Is féidir ceisteanna a chur chuig SDGs@dcee.gov.ie.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)



Bí Páirteach i Seachtain SFI 2025!

Beidh an ceathrú Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) de chuid na hÉireann ar siúl i mbliana ón **19 - 28 Meán Fómhair**. Is cuid den tSeachtain Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (SOFI) níos leithne é, a bheidh ar siúl ón 18 Meán Fómhair - 8 Deireadh Fómhair 2025, atá anois ina 10ú bliain. Anuraidh, bhí níos mó ná 4,000 gníomhaíochtaí ann mar chuid de SOFI, a bhí ar siúl ar fud 39 dtír, agus bhí beagnach 200 imeacht ar siúl in Éirinn.

Baineann na SFIanna le gach duine agus tá Seachtain SFI oscailte do chách - daoine aonair, grúpaí, scoileanna agus coláistí, gnóchtaí agus institiúidí.

Chun páirt a ghlacadh, is féidir leat imeacht a eagrú - biodh sé beag nó mór - nó aird a tharraingt ar ghníomhaíocht nó tionscadal a chuireann forbairt inbhuanaithe chun cinn, agus páirt a ghlacadh sa tseachtain ghníomhaíochta bliantúil do na SFIanna

1 TOSAIGH ANOIS!

Smaoinigh ar conas a d'fhéadfá forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus gníomhaíocht, tionscadal nó imeacht a phleanáil a bheidh ar siúl i rith Seachtain SFI.

2 CLÁRAIGH

Uaslódáil do smaoinigh ar sulomh gréasáin SOFI: www.esdn.eu/esdw

3 GNÍOMHAIGH!

Déan tionscnamh a eagrú agus a chur chun cinn i rith SOFI ón **18 Meán Fómhair - 8 Deireadh Fómhair 2025!** Faigh amach cad iad na himeachtaí atá ar siúl agus glac páirt in imeachtaí gar duit!

DeptCEE
EuropeanSustainableDevelopmentWeek



Department of Climate, Energy and the Environment
European Sustainable Development Network




Le haghaidh tuilleadh eolais faoi fhorbairt inbhuanaithe, Seachtain SFI agus smaointe maidir le páirt a ghlacadh, féach www.gov.ie/SDGs

c. Glac Páirt sna Comhráite ar an Aeráid

Tá [Comhráite 2025 ar an Aeráide](#) oscailte anois. Tugtar cuireadh do dhaoine ar fud na tíre a dtuairimí a chur in iúl maidir le conas is féidir linn go léir ár gcion féin a dhéanamh chun ár dtodhchaí inbhuanaithe a chinntiú.

Is é an 22 Meán Fómhair 2025 an dáta deiridh le haghaidh [aighneachtaí](#).



Tá [tuarascáil ar Chomhráite 2024](#) ar an Aeráid fáil lena léamh anois.

Ghlac beagnach 2,000 duine páirt sna comhráite trí shuirbhé ar líne, agus thug siad a dtuairimí ar litearthacht agus ar mhothúcháin maidir leis an aeráid, ar bhraistintí freagrachta agus éifeachtúlachta, ar thuiscint ar thionchar na haeráide, chomh maith le leibhéil na rannpháirtíochta pobail.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

d. Taighde OFI – Glao ar Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

Survey Participation Request

Post primary teachers

Tá do ghuth ríthábhachtach chun todhchaí an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe in Éirinn a mhúnlú.

Mar chuid de mo thaighde Dochtúireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, táim ag tabhairt cuireadh duit páirt a ghlacadh i suirbhé gairid ar líne chun d'eispéiris, do smaointe agus do thuiscint maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe san oideachas a roinnt.

Tá sé mar aidhm leis an taighde sin faisnéis a bhailiú chun tuiscint chomhaimseartha ar eolas múinteoirí ar an bhforbairt inbhuanaithe a fhorbairt agus chun forbairtí curaclaim agus beartais amach anseo a threorú.

Tá rannpháirtíocht deonach, gan ainm, agus ní ghlacann sé **ach 15 nóiméad**.

Comhlánaigh an suirbhé ag an nasc seo nó tríd an gcód QR a chliceáil/a scanadh

[Suirbhé ar Mhúinteoirí Iar-bhunscoile maidir leis an bhForbartha Inbhuanaithe](#)

All viewpoints welcome - Thank you for your time and expertise

Further information: valerie.lewis2@mail.dcu.ie



Just 15 minutes

e. Staidéar maidir le Saol Scoile Páistí

Scrúdaítear i staidéar ar Shaol Scoile Páistí eispéiris beagnach 4,000 páiste agus a dtuismitheoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta in Éirinn. I dtuarascálacha a foilsíodh le déanaí, leagtar béim ar an dóigh a imríonn inscne (Tuarascáil 8b) agus imirce agus eitneachas (Tuarascáil 8c) tionchar ar fhéiniúlachtaí oideachais, ar mhianta agus ar eispéiris páistí ar an mbunscoil.

Le tionchar na tuarascála ar Inscne, nochtar difríochtaí inscne-bhunaithe in eispéiris scoile leanaí, lena n-áirítear:

- Tuairiscíonn cailíní dearchtaí níos dearfaí i leith na scoile agus bíonn siad níos fearr ná buachaillí sa litearthacht, ach is minic nach mbíonn muinín acadúil acu astu féin, go háirithe sa mhatamaitic.
- Tá steiréitíopaí inscne fós ann i measc páistí, agus ceanglaítear 'buachaillí maithe' le bheith cliste agus spórtúil, agus ceanglaítear 'cailíní maithe' le bheith cineálta agus dícheallach agus iad ag foghlaim.
- Is gnách go mbíonn mianta níos airde ag cailíní agus socraíonn múinteoirí ionchais níos airde dóibh.
- Tuairiscíonn cailíní i scoileanna cailíní ceangail níos láidre lena bpiaraí agus níos lú bulaíochta, agus is minic a chruthaíonn buachaillí i scoileanna aon-inscne ordlathais tóra.
- Feiceann múinteoirí sna scoileanna cás-staidéir go bhfuil comhoideachas níos cuimsithí agus go léiríonn sé an saol mar atá.

Áirítear ar thorthaí na tuarascála maidir le tionchar na hImirce agus an Eitneachais:

- Bain páistí inimirceacha sult as bheith ar scoil go minic agus léiríonn siad muinín san fhoghlaim, agus is iad inimircigh an dara glúine a léiríonn na mianta is airde i leith an ardoideachais.
- Téann bacainní teanga i gcion ar litearthacht agus ar chomhtháthú sóisialta, agus tuairiscíonn páistí ó mhionlaigh eitneacha, go háirithe ó chúlraí bochta, inní níos airde agus féinmhuinín níos ísle.
- Oibríonn a lán scoileanna chun timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú, ach ní bhíonn páistí imirceacha páirteach chomh minic i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, rud a chruthaíonn inní faoina gcuimsiú iomlán.

Sa dá thuarascáil, leagtar béim ar an ngá le timpeallachtaí scoile cuimsitheacha ina mbraitheann gach páiste go bhfuil meas air nó uirthi agus go tacaítear leis nó léi, beag beann ar inscne nó ar chúlra. Chun tuilleadh léargais a fháil, tabhair cuairt ar cslstudy.ie.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

f. Bealaí Sábháilte chun na Scoile – Tuarascáil Bhliantúil 2024



Sa Tuarascáil Bhliantúil 2024 a foilsíodh le déanaí ar an gClár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile léirítear an méid seo a leanas:

- Tá 412 scoil gníomhach sa chlár faoi láthair
- Tá beagnach 15% de na scoileanna a chuir isteach ar an gclár suite ar “bhóithre tuaithe ardluais” ina raibh teorainneacha luais 80km/u nó 100 km/u i bhfeidhm.
- Tuairiscíonn scoileanna sa Chlár méadú 49% ar pháirceáil agus siúil, méadú 36% ar rothaíocht, méadú 6% ar shiúl agus laghdú 17% ar úsáid carranna.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun an Tuarascáil Bhliantúil a fheiceáil, tabhair cuairt ar [https://saferoutestoschool.ie//resources-](https://saferoutestoschool.ie//resources-library/)

[library/](https://saferoutestoschool.ie//resources-library/) or <https://www.nationaltransport.ie/planning-and-investment/transport-investment/active-travel-investment-programme/safe-routes-to-school-srts-programme-active-travel/>

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

g. An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta -



Tá Sráidbhaile Rialtas na hÉireann ar ais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mbliana – agus tá réimse spreagúil taispeántas réidh do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Pé spéis atá agat, beidh rud éigin ag Sráidbhaile an Rialtais duit.

Beidh spéis ar leith ag pobal an oideachais fhoghlama (OFI) sa phuball **We're Taking Climate Action**. Féach ar thaispeántais ar an mbithgheilleagar, éifeachtúlacht fuinnimh, bithéagsúlacht agus an dúlra, taighde, geolaíocht agus na sonraí is déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó Met Éireann anseo.

Bíodh sé pleanáilte agat fanacht thart fada go leor chun ceann de na cainteanna ar an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht a chloisteáil a bheidh ar siúl le linn lá na Treabhdóireachta. Cuirfidh an Sráidbhaile deiseanna oiliúna agus gairme i láthair sa státseirbhís agus i dtógáil, i bprintíseachtaí agus sa chúram sláinte agus i bhfad bhfad níos mó.

Tiomáin tochtaltóir ar insamhlóir corrach, tástáil d'fhrithluailí le cluiche comhordúcháin láimhe is súl, oibrigh le róbait agus foghlaim faoi theicneolaíocht, tabhair aghaidh ar bhalla dreapadh, foghlaim ACS tarrthála beatha, féach ar bhalla láibe traidisiúnta a bheith á thógáil, nó éist le seisiúin ceoil thraidisiúnta nó chlasaicigh.

Chomh maith le tairiscintí idirghníomhacha, míneofar agus soláthrófar réimse leathan tacaíochtaí Rialtais in ollphubaill a bheidh á n-óstáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, Bord Bia, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

Beidh ollphubaill ghnóthacha sa Sráidbhaile freisin, bunaithe ar thopaicí amhail tithíocht, sábháilteacht ar bhóithre, tacaíochtaí gnó, cultúr, cruthaitheacht, oideachas agus earcaíocht.

Beidh an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025 ar siúl ón 16 go dtí an 18 Meán Fómhair, sa Screagán, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí. Chun tuilleadh

eolais a fháil faoina mbeidh ar siúl i Sráidbhaile Rialtas na hÉireann i mbliana, téigh [anseo](#).

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

h. . POS – Foilseacháin SFI Geohive


D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) an ceann is déanaí ina sraith tuarascálacha táscairí SFInna d'Éirinn.

Forbraíodh foilseachán **SFI 6 – Uisce Glan agus Sláintíocht** i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) le hionchur ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá sonraí táscaire 6.a.1 curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus foilsíodh iad an 27 Meitheamh.

Príomhthorthaí:

- Rinneadh cóireáil thánaisteach ar a laghad ar thart ar 98% den fhuíolluisce, agus maidir le 2% de, ní dhearnadh cóireáil phríomhúil nó ní dhearnadh cóireáil ar bith air in 2023.
- B'ionann an Cúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA) le haghaidh uisce agus sláintíochta agus €0.8 milliún in 2023, laghdú ó €2.4 milliún in 2022.
- Bhí thart ar 80% de theaghlaigh ceangailte leis an soláthar uisce poiblí in 2022, méadú ó 77% in 2016.
- I nDaonáireamh 2022, bhí 68.2% de na teaghlaigh uile i gceist le teaghlaigh a bhí ceangailte leis an scéim séarachais phoiblí, méadú ó 65.9% a taifeadadh i nDaonáireamh 2016.
- Taifeadadh dea-chaighdeán uisce comhthimpeallach i 58% de na comhlachtaí uisce in Éirinn, bunaithe ar mheasúnú na Creat-treorach Uisce (CTU) 2016-2021.

Goal 6 - Clean Water and Sanitation




Forbraíodh an foilseachán **SFI 7 – Fuinneamh Glan Inacmhainne** i gcomhar le SEAI agus foilsíodh é an 23 Iúil.

Príomhthorthaí:

- In 2023, tháinig 40.4% de leictreachas na hÉireann ó fhoinsí in-athnuaite, agus ba é an ghaoth a bhí i gceist le 34.1% den leictreachas a gineadh.
- Bhain 5.7% i gceist le sciar fuinnimh in-athnuaite an iompair in 2023, agus bhain 4.9% de sin le bithdhíosal.
- Ba í ola an cineál téimh lárnaigh ba choitianta, agus d'úsáid beagnach dhá chúigiú (38.9%) de theaghlaigh í de réir Dhaonáireamh 2022.
- Bhain beagnach ceathrú de theaghlaigh i gCathair Bhaile Átha Cliath (23.4%) agus i gCathair na Gaillimhe (22.8%) úsáid as leictreachas lena dtithe a théamh in 2022.
- Chuir Éire €0.7 milliún ar fáil in 2022 do thíortha i mbéal forbartha chun tacú le taighde agus forbairt fuinnimh ghlan.

Goal 7 - Affordable and Clean Energy



Tá na foilseacháin uile ar fáil ar [leathanach baile SFlanna an POS](#).

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

Tá súil againn gur bhain tú sult as an eagrán seo ó Nuachtlitir OFI na Roinne a léamh. Más mian leat é a fháil go díreach isteach i do bhosca isteach gach ráithe, [cláraigh](#) don liosta cúrsaíochta!